

Tuarascáil Bhliantúil 2023

Neamhspleách | Neamhchlaonta | Saor



Ombudsman



Ag cur cothroime
chun cinn i seirbhísí
poiblí ar feadh
40 bliain

2024 © Oifig an Ombudsman

Oifig an Ombudsman
6 Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2
D02 W773

Guthán: +353 (0)1 639 5600
Suíomh Gréasáin: www.ombudsman.ie

Deartha ag: wonder works



Tuarascáil Bhliantúil 2023

Clár na n-ábhar

Réamhrá leis an Ombudsman	3
Nuashonrú ón Ard-Stiúrthóir	6
40 bliain den Ombudsman	9
Caibidil 1: Sracfhéachaint ar 2023	13
Cén áit as ar tháinig na gearáin in 2023?	13
Caibidil 2: Gearáin in 2023	17
Ról an Ombudsman	17
Gearáin a fuarthas in 2023: Anailís	17
Anailís de réir earnála:	19
Údaráis Áitiúla	19
Ranna agus Oifigí Rialtais	20
Sláinte	20
Tithe Altranais	21
Comhlachtaí Rialála	22
Oideachas	22
Soláthar Díreach	23
Comhlachtaí Eile	24
An tAcht um Míchumas	25
Caibidil 3: For-Rochtain agus Nuashonruithe ar an Tuarascáil	28
For-Rochtain	28
Idirchaidreamh a dhéanamh leo siúd is mó a dteastaíonn ár seirbhís uathu	28
Ceardlanna le grúpaí ionadaíocha	29
Clinicí Gearán ag Ionaid um Fhaisnéis do Shaoránaigh	29
Ár suíomh gréasáin agus ár n-ardáin mheán sóisialta	29
Tuarascálacha agus Nuashonruithe	30
Breoiteacht agus Fiachas: Imscrúdú ar mhodh riartha scéimeanna 'cóireála thar lear' ag FSS	30
Wasted Lives: Imscrúdú ar dhaoine faoi 65 atá ina gcónaí i dtithe altranais do dhaoine breacaosta	31

Rochtain mhíchothrom do dhaoine faoi mhíchumas ar scéimeanna iompair phearsanta: Nuashonrú	32
--	----

Caibidil 4: Achoimrí ar Chásanna **35**

Mar thoradh ar phróiseas atreoraithe atá as dáta, cuirtear moill ar choinní ospidéal agus ar dhiagnóis ailse	35
'Ba mhíchúí agus ba mhírreasúnta' é aistarraingt na Comhairle ar lóistín éigeandála	36
Rinne an Roinn Coimirce Sóisialaí iarracht éagórach €26,000 ar íocaíocht leasa shóisialaigh paindéimeach a fháil ar ais	38
Diúltaíodh go héagórach do fhear an Liúntas do Chúramóirí nuair a 'cailleadh' tuairisc liachta ag an oifig achomhairc	38
Dhiúltaigh an t-ospidéal déileáil le gearán tuismitheoirí a bhfuair páiste leo bás toisc go raibh sé 'lasmuigh den teorainn ama'	39
Feiceann mac léinn an deontas oideachais laghdaithe go héagórach tar éis sos ón gcúrsa	40
Tá íocaíocht phinsin ag fear siardhátaithe go dtí an dáta incháilitheachta	41
Aisíocadh os cionn €17,000 le fear ó na Coimisinéirí Ioncaim tar éis soiléiriú ar stádas cónaitheachta	42
Diúltaíodh rochtain ar scéim oideachais do mhac léinn toisc go raibh slí bheatha neamh-incháilithe ag athair 'neamhláithreach'	43
Diúltaíodh go héagórach do mhac léinn athiontráil ar chúrsa a dhéanamh tar éis sos gairid	44
Aontaíonn an Chomhairle clásal cruatain cíosa a chur i bhfeidhm sa scéim Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta	45
Deonaíonn FSS tacaíocht 'míchumas fisiceach agus céadfach' do mhná tar éis imthosca a leag an tOmbudsman béim orthu	46

Caibidil 5: Rialachas **48**

Rialachas	48
Cáilíocht Chásanna	49



Réamhrá ón Ombudsman

Is í tuarascáil bhliantúil 2023 an 40ú tuarascáil bhliantúil i ndáil le hobair Oifig an Ombudsman. De réir mar a éiríonn an domhan, agus go deimhin ár dtír féin, níos trioblóidí agus níos dúshlánaí, éiríonn obair ár nOifige níos tábhachtaí ná riamh. Is iad na daoine leochaileacha agus na daoine a bhfuil gá acu le seirbhísí poiblí na chéad daoine a bhraitheann tionchar brú agus achrann domhanda nó baile.

I 2023 chuireamar leis an rath a bhí ar an Oifig san am a chuaigh thart agus chuireamar tuilleadh le cothroime a chur chun cinn i seachadadh seirbhísí poiblí. Leanfaimid orainn ag déanamh seo i 2024 agus ina dhiaidh sin. Go háirithe, creidim go bhfuil sé ríthábhachtach go mbeadh a fhios ag aon duine a dteastaíonn nó a bhainfeadh leas as ár seirbhís cad a dhéanaimid agus conas teagmháil a dhéanamh linn. Ar an gcúis seo, táimid meáite ar a chinntiú go bhfuil ár seirbhísí so-aitheanta, ar fáil agus inrochtana go héasca. Leanfaimid leis seo a bhaint amach trínár rannpháirtíocht réamhghníomhach le grúpaí abhcóideachta, grúpaí imeallaithe agus daoine aonair a leathnú trí thionscnaimh for-rochtana spriocdhírthe. Déanaimid ár rathúlacht maidir le baint amach ár spriocghrúpaí a thomhas trí thaighde leanúnach sna blianta atá le teacht.

Léiríonn na sonraí agus na cás-staidéir sa tuarascáil seo an tábhacht a bhaineann lenár gcuid oibre agus an difríocht dhearfach a dhéanaimid i saol go leor daoine. Déanaimid é seo trí ghearáin aonair a imscrúdú agus a réiteach agus freisin trí imscrúduithe córasacha níos leithne a dhéanamh. Níos tábhachtaí fós, cibé an bhfuilimid ag déileáil le gearán aonair, nó le himscrúdú níos leithne, dírimid i gcónaí ar sheirbhísí poiblí a fheabhsú go ginearálta. Mar gheall ar ár bhfócas ar fheabhas a chur ar sholáthar seirbhísí poiblí go ginearálta, tá go leor daoine a idirghníomhaíonn le seirbhísí poiblí a bhaineann tairbhe as ár gcuid oibre gan gearán a dhéanamh linn. Bhí sé seo an-soiléir, mar shampla, ón imscrúdú a tugadh chun críche ar na scéimeanna cóireála thar lear agus ón tuarascáil, Breoiteacht agus Fiachas, a d'fhoilsíomar in Aibreán 2023.

Spreag an t-imscrúdú seo roinnt gearán a fuairamar ó othair nach raibh in ann rochtain a fháil ar chóireáil leighis riachtanach sa Stát agus a raibh orthu taisteal thar lear le haghaidh cóireála. Nuair a d'fhill siad, bhí deacracht mhór acu le haisíocaíocht a fháil as an gcóireáil a d'íoc siad as. Tar éis imscrúdú críochnúil a dhéanamh, rinneamar 21 moladh a dhírigh ar riar na scéimeanna a fheabhsú. Ghlac Príomhfheidhmeannach an FSS, an tUasal Bernard Gloster, leis na moltaí go léir agus chuir sé foireann le chéile chun déileáil lena gcur i bhfeidhm. Táim an-spreagtha leis an mbealach ina bhfuil FSS ag cur na moltaí i bhfeidhm. Chuir siad go mór le feidhmiú na seirbhísí tábhachtacha seo d'iarratasóirí reatha agus d'iarratasóirí nua. Is sampla iontach é seo den chaoi ar féidir le comhlachtaí poiblí oibriú i gcomhar lenár nOifig chun cáilíocht a gcuid seirbhísí a fheabhsú.

I measc na n-imscrúduithe agus na dtuarascálacha eile dá samhail a d'fhoilsíomar le blianta beaga anuas, a bhfuil sé mar aidhm acu feabhsuithe a thabhairt i gcrích i seachadadh seirbhísí poiblí tá:

- Saolta Amú: Imscrúdú ar shocrúchán daoine faoi 65 i dtithe altranais do dhaoine scothaosta
- Sáinnithe: Rochtain mhíchothrom do dhaoine faoi mhíchumas ar scéimeanna iompair phearsanta

Tá nuashonruithe maidir leis na tuarascálacha seo leagtha amach i gCaibidil 3.

Tá príomhról ag na himscrúduithe seo, chomh maith le déileáil le gearáin aonair, maidir le cothroime agus feabhsúcháin i seachadadh seirbhísí poiblí a bhrú chun cinn. Leanfaimid le cur i bhfeidhm na moltaí sna tuarascálacha seo agus déanfaimid tuilleadh imscrúduithe féintionscnaimh ar bhealach spriocdhírthe éifeachtach.

I 2023 chuireamar tús le himscrúdú ar oibriú na scéime um Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT). Foilseoidimid torthaí an imscrúdaithe seo níos déanaí i 2024. Leanfaimid freisin d'imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin a fhaightear, agus oibreoidimid le soláthraithe seirbhíse poiblí chun cabhrú le seirbhísí a fheabhsú agus chun an gá atá le daoine gearáin a dhéanamh a laghdú.

Tá áthas orm a thuairisciú go bhfuil fianaise ann i gcónaí ar nuálaíocht agus ar cháilíocht, agus ar sholáthar bháúil seirbhísí ag an líon mór seirbhíseach poiblí ar fud na tíre. Tugaimid faoi deara freisin go bhfuil níos mó feasachta ag seirbhísigh phoiblí ar a n-oibleagáid chun a nDualgas Earnála Poiblí a chomhlíonadh trí chur chuige bunaithe ar chearta an duine a ghlacadh i leith seachadadh seirbhísí mar a cheanglaítear orthu faoi Alt 42 den Acht um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014.

Is tríd an lionsa cearta daonna seo a scrúdaímid na gearáin a fhaighimid. Chomh maith le scrúdú a dhéanamh ar an tseirbhís a fuair nó nach bhfuair duine, féachaimid ar an gcaoi ar caitheadh leis an duine. Breithnímid, le linn a gcumarsáidí agus a n-idirghníomhaíochtaí leis an gcomhlacht poiblí, ar caitheadh leis an duine leis an meas agus leis an dínit a raibh sé i dteideal a bheith ag súil leis. Faraor, feicimid go dteipeann ar roinnt comhlachtaí poiblí ina leith sin.

Ó bunaíodh ár nOifig 40 bliain ó shin, tá méadú tagtha ar líon na ngearán a fhaighimid. Go deimhin, le cúig bliana anuas, tá ardú de bhreis is 20% tagtha ar ghearáin ó 3,664 i 2019 go 4,465 i 2023. Tá méadú mór tagtha ar fhiosrúcháin chuig ár nOifig freisin le méadú de níos mó ná 20% i 2023 thar 2022 go breis agus 8,000.

Tá sé mar aidhm againn i gcónaí gearáin a réiteach ag an gcéim is luaithe agus chomh neamhfhoirmiúil agus is féidir. Tá áthas orm a thuairisciú, in ainneoin na méaduithe suntasacha ar ghearáin a fuarthas, gur éirigh linn déileáil le 80% de na gearáin laistigh de thrí mhí, agus 92% laistigh de naoi mí i 2023. I díreach os cionn 50% de na cásanna a tugadh chun críche chuireamar cúnamh nó tairbhe éigin ar fáil don ghearánach.

Déantar na héachtaí leanúnacha seo a sheachadadh trí dhúthracht agus tiomantas an Ard-Stiúrthóra, lucht bainistíochta agus fhoireann na hOifige. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo go léir as an gcúnamh tábhachtach a dhéanann siad le hobair na hOifige, agus le saol na saoránach agus na ndaoine atá ina gcónaí in Éirinn. Tá sonraí breise faoin méid tábhachtach a rinne ár bhfoireann leagtha amach i nuashonrú an Ard-Stiúrthóra, Elaine Cassidy. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin lenár ngearánach as aird a tharraingt ar na saincheisteanna atá acu agus leis na comhlachtaí poiblí as a gcomhoibriú chun gearáin a réiteach.

Mar fhocal scoir, is cúis áthais dom an Tuarascáil Bhliantúil seo ó Oifig an Ombudsman a chur faoi bhráid na Dála agus an tSeanaid de bhun fhorálacha Alt 6(7) den Acht Ombudsman 1980 (arna leasú). Is í seo an 40ú Tuarascáil Bhliantúil a cuireadh isteach maidir le hobair Oifig an Ombudsman ó bunaíodh í i 1984. Sa tuarascáil seo ní dhéanaimid ach aird a tharraingt ar chuid de na heochairmhóimintí ó 40 bliain d'obair na hOifige.

Táim ag tnúth le leanúint ag obair leis an Oireachtas agus lenár bpáirtithe leasmhara go léir chun leanúint ar aghaidh ag cur cothroime chun cinn i seachadadh seirbhísí poiblí.



Ger Deering

Ombudsman

Meitheamh 2024



Nuashonrú ón Ard-Stiúrthóir

I dtosach, ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár bhfoireann as bliain an-táirgiúil i dtaobh ár riar cásanna a bhainistiú. Cé go bhfuil laghdú tagtha ar na figiúirí trí chéile i gcomparáid le hardfhiigiúirí na bliana seo caite, leanann treocht aníos go mór mór i dtaobh an líon gearán a fhaigheann ár nOifig. Dhéileáil ár bhfoireann chomh maith i rith 2023 le méadú suntasach ar an líon fiosrúchán a fuarthas agus d'éirigh leo an céatadán cásanna a tugadh chun críche laistigh de thréimhse idir 3 agus 6 mhí a mhéadú aníos níos mó go 80% agus 92%, faoi seach.

Sheolamar ár Straitéis 2025 i rith 2022 ina leagtar amach príomhchuspóirí ár nOifige go dtí 2025. Tá áthas orm a thabhairt le fios go ndearnamar roinnt dár gcuspóirí straitéiseacha a thabhairt chun cinn níos mó i rith 2023. I dtaobh ár gcuspóir a bhaint amach a bhaineann le tuarascáil amháin ar imscrúdú sistéamach, speisialta nó téamúil, ar a laghad, a sholáthar gach bliain, d'fhoilsíomar ár dtuarascáil imscrúdaithe 'Breiteacht agus Fiachas' in Aibreán 2023. Chuireamar ceardlanna agus imeachtaí pobail ar siúl chun ár gcuspóir a thabhairt chun cinn a bhaineann le feasacht a mhéadú ar an Oifig trí fhor-rochtain éifeachtach agus spriocdhírthe i measc grúpaí mionlaigh agus sainleasa. Rinneamar ár gcuspóir a thabhairt chun cinn freisin a bhaineann le Cur Chuige Bunaithe ar Chearta Daonna i leith an bhealaigh a láimhseálaimid gearáin a chur i bhfeidhm trí shainoilúint a chur ar ár bhfoireann agus ár Lámhleabhar Treorach don Fhoireann a chur i gcrích. Tá áthas orm a rá gur éirigh linn an cur chuige seo a chur i bhfeidhm cheana féin nuair a bhí roinnt de na gearáin a fuaireamar in 2023 á scrúdú againn.

Tá "cnámh droma chorparáideach" laistiar d'fhoireann an Ombudsman, a sholáthraíonn na tacaíochtaí uile cúloifige, chun go mbíonn ár bhfoireann go léir go hiomlán ar fáil le díriú ar chásobair an Ombudsman. Is éard atá sa chnámh droma chorparáideach Acmhainní Daonna, TFC, Airgeadas, Soláthar, Saoráidí, Cúrsaí Dlí, Cumarsáid, anuas ar thacaíocht chun iarrataí ar Chosaint Sonraí agus Saoráil Faisnéise a láimhseáil.

Bhain an fhoireann TFC dul chun cinn suntasach amach in 2023 trí go leor dár bhfeidhmeanna tacaíochta a sheachfhoinisú chuig Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais (OGCIO) agus trínár Straitéis TFC a ailíniú le straitéis an OGCIÓ. Is éard a dhéanfaidh seo ná ár slándáil sonraí a fheabhsú agus athléimneacht fhadtéarmach a chruthú inár gcóras. Lean ár bhfoireann Dhlíthiúil le tacaíocht a sholáthar do gach ceann de na hoifigí maidir le cásobair agus imscrúduithe agus rinne siad ár gcostais dlí agus ár soláthar a bhainistiú agus díriú ar dhearbhu cáilíochta agus ar luach ar airgead. Ghlacamar páirt freisin sa chéad tonn de Chóras Bainistíochta Airgeadais nua na Státseirbhíse, ar thionscadal mór é dár bhfoireann Airgeadais agus táim bródúil as an obair a rinne siad leis.

Tá áthas orm leis an dul chun cinn atá á dhéanamh againn ar ár Cuspóirí Straitéiseacha. De réir mar a dhruideann an pointe leathbhealaigh linn inár Straitéis 2025, táimid ag tnúth le hathbhreithniú criticiúil a dhéanamh ar ár ndul chun cinn i rith 2024. Táimid ag tnúth freisin le Comóradh 40 Bliain Oifig an Ombudsman a cheiliúradh agus is éard a bheidh inár dtéama ná ag féachaint chun cinn lena fheiceáil conas is féidir linn tairiscint ár seirbhíse a fheabhsú sna deich mbliana amach romhainn.



Elaine Cassidy

Ard-Stiúrthóir

Meitheamh 2024



40 bliain den Ombudsman

Is í seo an 40ú Tuarascáil Bhliantúil ar obair Oifig an Ombudsman. Ar fud na tuarascála leagaimid béim ar chuid de na príomhtharluithe de 40 bliain dár gcuid oibre.

1984

- ▶ Michael Mills ceaptha mar chéad Ombudsman na hÉireann ag an Uachtarán Patrick Hillery
- ▶ Is féidir gearáin faoi ranna rialtais agus faoi roinnt comhlachtaí Stáit a imscrúdú

1985

Is féidir gearáin faoi údarais áitiúla agus boird sláinte a imscrúdú

1987

An chéad 'Tuarascáil Speisialta' chuig an Oireachtas ón Ombudsman ar chiorruithe foirne ina Oifig

2007

Is féidir gearáin faoi ospidéal dheonacha a imscrúdú

2013

- ▶ Peter Tyndall ceaptha mar Ombudsman agus Coimisinéir Faisnéise
- ▶ (Bealtaine) Is féidir gearáin faoi 200 comhlacht poiblí, lena n-áirítear roinnt rialtóirí agus comhlachtaí oideachais tríú leibhéal, a imscrúdú

1994

Kevin Murphy ceaptha
mar Ombudsman

1998

Kevin Murphy ceaptha
mar an chéad
Choimisinéir Faisnéise
chomh maith

2003

Emily O'Reilly ceaptha
mar Ombudsman
agus Coimisinéir
Faisnéise

2015

- ▶ Foilsíodh an chéad imscrúdú 'féintionscanta': 'Foghlaim ar son Feabhais' – imscrúdú ar chórais ghearáin ospidéal
- ▶ Is féidir gearáin faoi thithe altranais príobháideacha a imscrúdú

2017

- ▶ Glacann an tOmbudsman leis an 100,000ú gearán
- ▶ Is féidir gearáin faoi chomhlachtaí in earnáil an tSoláthair Dhíriú a imscrúdú

2022

Ger Deering
ceaptha mar
Ombudsman
agus Coimisinéir
Faisnéise

1. INTRODUCTION

At the end of its first year of operation the Office of Ombudsman has been established on fairly firm foundations. Our achievements to date compare favourably with other Offices throughout the world which are established for many years and have much greater staff numbers.

It was a very difficult year because of the many and complex problems associated with the launching of a new institution. The dedication and hard work of a very small staff was a major factor in dealing with the heavy flow of complaints. I cannot speak too highly of their contribution which involved a constant giving of time and effort well beyond the call of duty.

After one year of practical experience of the Office I have no doubt whatever about the need for the creation of the Office of Ombudsman. From the day on which I first took up Office a steady stream of letters seeking my help was the real manifestation of the need. While some of these letters dealt with subjects outside my remit or were of such a nature that there was not much I could do for the complainants, I want to stress that the vast majority of complaints received were genuine appeals for help from people who had reached frustration point in their dealings with the public service and who had no avenue of appeal for what they felt were very real grievances.

The response of many civil servants to the creation of the Ombudsman's Office has been most encouraging. They recognised the need for the Office and co-operated whole-heartedly in its enquiries. There was evidence, however, that some senior civil servants had considerable suspicions about the new institution and resented its intrusion, particularly when their decisions were under scrutiny.

Role of the Ombudsman

I have been asked on several occasions how I see my role as Ombudsman. The short answer is that I see myself as a kind of mediator between the public and the administration. The principal aim of the Office of Ombudsman is to ensure that the ordinary man in the street gets fair play in dealing with the



1985: Réamhrá leis an gCéad
Tuarascáil Bhliantúil de chuid
an Ombudsman

Caibidil 1

Sracfhéachaint ar 2023



Caibidil 1: Sracfhéachaint ar 2023


Fuaireamar

4,465 gearán in
2023


Críochnaíodh

4,458 gearán


Gearáin a fuarthas le 5 bliana anuas



An t-am a ghlac sé chun gearáin a imscrúdú




Críochnaíodh
laistigh de 3 mhí.




Críochnaíodh
laistigh de 6 mhí.

D'fhreagraíomar do

8,171 fiosrúchán



Gearáin a rinneadh de réir toraidh



Atreoraíodh

915 gearán eile faoi
chomhlachtaí lasmuigh
den dlínse chuig an
eagraíocht cheart



Conas a fuairamar gearáin



45%
Ar líne



38%
Ríomhphost



15%
Litir



1.5%
I bpearsan



0.5%
Guthán

Gearáin a fuarthas de réir earnaála



1,430
Údarás
Áitiúil



1,175
Ranna/
Oifigí Rialtais



839
Sláinte &
Cúram Sóisialta



321
Comhlachtaí
Rialála



301
Comhlachta
í Eile



192
Oideachas



96
Tithe Altranais
Príobháideacha




90
Soláthar
Díreach



21
An tAcht um
Míchumas

Cén áit as ar tháinig na gearáin in 2023?



*Níl seoladh poist do roinnt gearán a fhaighimid ar ríomhphost.

Caibidil 2

Gearáin in 2023



Ról an Ombudsman

Is é ról an Ombudsman gearáin a imscrúdú a dhéanann daoine a bhraitheann gur chaith soláthraithe áirithe seirbhísí poiblí go héagórach leo, an méid seo a leanas ina measc:

- ranna rialtais
- údaráis áitiúla
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)
- ospidéal phoiblí
- institiúidí oideachais tríú leibhéal a chistítear go poiblí
- tithe altranais poiblí agus príobháideacha, agus
- ionaid chóiríochta 'soláthair dhírigh'.

Tá seirbhísí Oifig an Ombudsman saor in aisce le húsáid. Déanaimid gearáin a imscrúdú ar bhealach cóir agus neamhchlaonta. Sula dtugtar gearán chuig ár nOifig, caithfidh gur gnách go ndearna an duine ar imríodh drochthionchar orthu iarracht an gearán a réiteach leis an soláthraí seirbhíse faoina ndearnadh gearán. I gcleachtas, réitítear go leor gearán a thagann faoinár mbráid go neamhfhoirmiúil i ndiaidh go gcuirimid an gearán ar aird an tsoláthraí seirbhíse poiblí atá bainteach. Má sheasaimid le gearán, molfaimid sásamh cuí. Féadfaimid moltaí a dhéanamh freisin a bhfuil de chuspóir acu an dóchúlacht a laghdú go n-imreofar drochthionchar ar dhaoine eile amach anseo.

Is féidir leis an Ombudsman gearáin a imscrúdú freisin faoin Acht um Míchumas, 2005. Baineann na gearáin seo le rochtain ar fhaisnéis agus ar sheirbhísí ag daoine faoi mhíchumas. Tuairiscímid ar ghearáin faoin Acht um Míchumas níos déanaí sa Chaibidil seo.

Ceapann an tUachtarán an tOmbudsman agus tuairiscíonn sé/sí leis an Oireachtas.

Gearáin a fuarthas in 2023: Anailís

Ba bhliain ghnóthach eile é d'Oifig an Ombudsman. Fuaireamar 4,465 gearán in 2023 agus dhéileálar le 4,458 gearán.

Leanann an líon gearán a fuarthas in 2023 leis an méadú ginearálta ar líonta gearán le blianta beaga anuas. Fuarthas 3,067 gearán in 2016, a mhéadaigh go réidh aníos go 2022 nuair a fuarthas 4,791 gearán (méadú 56%). Cé go bhfuil figiúr 2023 4,465 laghdaithe anuas ó fhiigiúr 2022, áiríodh le figiúr 2022 breis agus 800 gearán faoi Sheirbhís na bPasanna. Tháinig laghdú air seo anuas go dtí níos lú ná 150 anuraidh. Ba é ba phríomhchúis leis an laghdú seo agá slánúcháin níos tapúla don tseirbhís anuas ar chainéil chumarsáide níos fearr a thabhairt isteach laistigh de Sheirbhís na bPasanna, tairseach nua ghearán ar líne san áireamh.

Dhéileáil an Oifig in 2022 le 8,171 fiosrúchán, ar méadú suntasach 1,461 é seo i gcomparáid le 2022. Léiríonn seo na fiosrúcháin go léir a chur san áireamh a fuarthas i bhfigiúirí 2023 agus an obair a rinneamar freisin ar ár n-infheictheacht a mhéadú lena chinntiú go bhfuil an pobal ar an eolas ar na seirbhísí a chuirimid ar fáil agus conas is féidir leo idirchaidreamh a dhéanamh linn.

Nuair is féidir linn, réiteoimid gearáin go neamhfhoirmiúil agus go tapa de réir mar a oibrímid lenár n-amlínte a fheabhsú bliain ar bhliain. Dhéileálar in 2023 le 80% de ghearáin laistigh de 3 mhí (3,571 gearán ar an iomlán, arb ionann sin agus méadú 3% ar fhiigiúirí 2022) agus réitíomar 92% de ghearáin laistigh de 6 mhí (4,118 gearán, ar an iomlán, arb ionann sin agus méadú 1% ar fhiigiúirí 2022). Is tábhachtach, in ainneoin an ardlín chomhsheasmhaigh de ghearáin a fuairamar in 2023, d'éirigh linn 98% de ghearáin a chur i gcrích laistigh de 12 mhí, mar sin féin.


Rinneadh 585 gearáin a scor nó a aistarraingt. Cásanna iad seo go minic inar réitíodh an tsaincheist ba chúis leis an ngearán nó nach mian leis an ngearánaí leanúint lena ngearán a thuilleadh.

As na gearáin a imscrúdaíodh, (gan gearáin a áireamh a rinneadh a aistarraingt nó a scoireadh, mar shampla), seasadh go hiomlán nó go páirteach le 29% díobh. Is ionann seo agus méadú breis agus 200 gearán ar seasadh leo nó ar seasadh go páirteach leo i gcomparáid le 2022. Níor seasadh le 48% de ghearáin.

Bíonn cásanna eile ann, dar ndóigh, nach féidir linn míniú nó toradh dearfach eile a sholáthar don ghearánaí. D'éirigh linn an saghas seo de chúnamh breise a sholáthar in 2023 i gcás 23% de ghearáin (530).

Ar an iomlán, bhain baill den phobal tairbhe dhíreach as teagmháil a dhéanamh leis an Oifig i níos mó ná 60% de na cásanna.


Ba iad na hearnálacha ba mhó ina ndearnadh gearáin:



Anailís de réir earnála


Údaráis Áitiúla

B'ionann údaráis áitiúla agus:



Ba iad na 5 chomhlacht ba mhó a ndearnadh gearán fúthu:

- 189** Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
- 152** Comhairle Cathrach Chorcaí
- 107** Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas
- 88** Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
- 58** Comhairle Cathrach na Gaillimh



Fuaireamar 1,430 gearán faoi údaráis áitiúla (comhairlí cathrach agus contae) in 2023. Is ionann seo agus méadú beagán 13% ar fhigiúr 2022 1,269 gearán a fuarthas. Dhéileálar le 1,411 gearán in 2023.


B'ionann gearáin a bhain le tithíocht agus tromlach na ngearán a fuaireamar faoi údaráis áitiúla (58%). Ba é an dara saghas gearán ba mhó forfheidhmiú pleanála / riar pleanála, arbh ionann iad agus beagán de bhreis ar 14% de ghearáin. Nuair a chuirtear iad leis an tríú saghas gearán ba mhó - 'gearáin a bhaineann leis an mbóthar', b'ionann na trí chatagóir seo le chéile agus beagán faoi bhun 80% de na gearáin iomlána anuraidh san earnáil.

Fuaireamar 27 gearán faoi chóiríocht do phobal an lucht siúil in 2023, arbh ionann sin agus méadú ar na 14 ghearán den saghas siúd a fuaireamar in 2022. Tugadh méadú faoi deara freisin i seirbhísí do dhaoine gan dídean, a chatagóirítear ar leithligh ó ghearáin a bhaineann le tithíocht aníos ó 47 a fuarthas in 2022, go 62 gearán a fuarthas anuraidh.

Sheasamar/sheasamar go páirteach le beagnach 22% de chásanna údaráis áitiúil agus thugamar cúnamh in 15% díobh. Níor seasadh le beagán de bhreis ar 31% de chásanna, agus dúnadh an fuílleach 32% de chásanna mar gheall go raibh siad lasmuigh dár sainchúram, scoireadh iad mar gheall go raibh na gearáin réamhaibí nó, d'aistarraing an gearánaí iad ina dhiaidh sin.

Ranna agus Oifigí Rialtais

B'ionann Ranna Rialtais agus:



26% de na gearáin go léir

Ba iad na 5 chomhlacht ba mhó a ndearnadh gearán fúthu:

- 636** An Roinn Coimirce Sóisialaí
- 155** An Roinn Gnóthaí Eachtracha
- 85** Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim
- 75** An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
- 62** An Roinn Dlí agus Cirt




Tháinig laghdú mór ar ghearáin faoi ranna agus oifigí rialtais in 2023. Fuarthas 1,175 gearán, ar an iomlán – 36% níos lú ná anuraidh. Tharla an laghdú seo mar thoradh ar laghdú suntasach ar ghearáin faoi Sheirbhís na bPasanna. Fuaireamar breis agus 800 gearán in 2022 a bhain le pasanna agus tháinig laghdú air seo anuas go dtí níos lú ná 150 anuraidh. Ba é ba phríomhchúis leis an laghdú seo agaí slánúcháin níos tapúla don tseirbhís anuas ar chainéil chumarsáide níos fearr a thabhairt isteach laistigh de Sheirbhís na bPasanna, tairseach nua ghearán ar líne san áireamh.

Faoin Roinn Coimirce Sóisialaí (636), agus an Roinn Gnóthaí Eachtracha (155 - gearáin faoi phasanna, den chuid is mó), Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim (85) agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (75) a bhí an líon ab airde de ghearáin a fuarthas san earnáil seo. Ar an iomlán, as na gearáin a fuarthas san earnáil seo arbh fhéidir linn a imscrúdú, sheasamar nó sheasamar go páirteach le 23% agus sholáthraíomar foirm éigin de chúnamh in 24% sa bhreis de chásanna. Níor seasadh le 53% de chásanna.

Sláinte & Cúram Sóisialta


B'ionann Sláinte agus:



18% de na gearáin go léir

Ba iad na 3 chomhlacht ba mhó a ndearnadh gearán fúthu:

- 674** FSS
- 134** Tusla
- 31** Comhlachtaí Alt 38/39 (arna maoiniú ag/a sholáthraíonn seirbhísí don FSS)




Fuaireamar 839 gearán faoi chomhlachtaí poiblí san earnáil sláinte agus chúraim shóisialta in 2023. Bhain 674 gearán le FSS, bhain 134 gearán le Tusla, agus bhain 31 gearán le comhlachtaí atá cistithe, nó le a sholáthraíonn seirbhísí thar ceann, FSS (comhlachtaí alt 38/39). Is ionann seo agus méadú 49% ar chásanna nó méadú 6% ó 2022. Gan gearáin a aistarraingíodh, ar scoireadh dóibh nó a bhí lasmuigh dár sainchúram a áireamh, seasadh le 28%, seasadh go páirteach le 12% de ghearáin, níor seasadh le 35% agus i gcás 25% de ghearáin, sholáthraíomar roinnt cúnamh nó sochair don ghearánaí.

Mar a bhí i gceist i mblianta eile, leanamar le monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn ar na moltaí a rinneadh inár dtuarascáil 2015, 'Foghlaim ar son Feabhais: Imscrúdú ag an Ombudsman ar an dóigh a ndéanann ospidéal poiblí gearáin a láimhseáil' agus faighimid nuashonruithe gach sé mhí. Cuirimid fáilte roimh fhoilsiú Leabhair Chásanna Foghlama Aiseolais FSS ó 2023, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin FSS.

Tithe Altranais

Bhain **2%** de na gearáin



go léir le Tithe Altranais

Na 5 shaghas ba mhó de ghearáin:



Fuaireamar 96 gearán faoi thithe altranais príobháideacha in 2023. Méadú 43% é seo ar an líon gearán a fuarthas in 2022. Dúnadh roinnt tithe altranais príobháideacha ardphróifíle in 2023 a ndearna úsáideoirí seirbhíse teagmháil leis an Ombudsman dá mbarr.


Gan gearáin a aistarraingíodh, ar scoireadh dóibh nó a bhí lasmuigh dár sainchúram a áireamh, sheasamar nó sheasamar go páirteach le 22% de ghearáin, níor seasadh le 29% agus i gcás 49% de ghearáin, sholáthraíomar roinnt cúnamh don ghearánaí.

D'eisíomar breis agus 1,000 póstaer in 2023 lena dtaispeáint i dtithe altranais príobháideacha le feacht a mhúscailt ar ról an Ombudsman. Tabharfaimid cuairt sna míonna amach anseo ar roinnt tithe altranais le casadh le húsáideoirí seirbhíse agus le teaghlaigh le feacht ar ár ról san earnáil a mhéadú.

Leanaimid le monatóireacht a dhéanamh ar na moltaí a chur i bhfeidhm a eascraíonn as ár dtuarascáil 'Wasted Lives' (imscrúdú ar a oiriúnaí atá sé daoine faoi 65 bliain d'aois a chur i dtithe altranais do dhaoine breacaosta) agus is féidir teacht ar nuashonrú ar an tuarascáil sin i gCaibidil 3.

Comhlachtaí Rialála


Bhain **7%** de na gearáin



go léir le Comhlachtaí Rialála

Ba iad na 5 chomhlacht ba mhó a ndearnadh gearán fúthu:

- 112** An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí
- 79** An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre
- 64** An tÚdarás Náisiúnta Iompair
- 9** Comhairle na nDochtúirí Leighis
- 8** CORU




Fuaireamar 321 gearán in 2023 faoi chomhlachtaí san earnáil rialála. Is ionann seo agus méadú 2.5% ar an mbliain 2022. Sheasamar nó sheasamar go páirteach le 17% de na gearáin a rinneamar a imscrúdú agus sholáthraíomar foirm éigin de chúnaimh in 9% sa bhreis de chásanna. Níor seasadh le 74% de chásanna.

Ba é an líon ab airde de ghearáin a fuaireamar faoin Údarás Rialála Seirbhísí Dlí (LSRA - 112). Bhain na gearáin go príomha leis an mbealach a láimhseáil an LSRA gearáin faoi chleachtóirí dlí. Fuaireamar 79 gearán faoin Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (an RSA) agus 64 faoin Údarás Náisiúnta Iompair (an NTA). I measc na saincheisteanna a ndearnadh gearán fúthu maidir leis an RSA, bhí deacrachtaí le cur isteach ar cheadúnais tiomána nó iad a athnuachan, agus tástálacha tiomána a shocrú. I measc shaincheisteanna an NRA, bhí gearáin a láimhseáil agus déileáil le hachomhairc i leith clampála.

Oideachas


Bhain **4%** de na gearáin



go léir le hoideachas

Ba iad na 5 chomhlacht ba mhó a ndearnadh gearán fúthu:

- 34** Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn (SUSI)
- 21** HEAR/DARE (Bealach Rochtana ar Ardoideachas/Bealach Rochtana ar Oideachas do Dhaoine faoi Mhíchumas)
- 17** Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
- 12** Coimisiún na Scrúduithe Stáit
- 11** Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath



Fuarthas 217 gearán maidir leis an earnáil Oideachais in 2023. Áirítear leis seo gearáin faoin Roinn Oideachais (24), agus an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (1). Is ionann seo agus méadú ó 195 in 2022 (méadú 11%).


Sheasamar nó sheasamar go páirteach le 16% de na gearáin a rinneamar a imscrúdú in aghaidh comhlachtaí san earnáil seo agus sholáthraíomar foirm éigin de chúnamh in 11% sa bhreis de chásanna. Níor seasadh le 73% de chásanna a imscrúdaíodh.

Fuaireamar 34 gearán faoi Thacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn (SUSI), ar méadú é seo ó 23 gearán a fuarthas in 2022 (méadú 20%). Cé go measaimid go n-oibrítear próiseas riaracháin SUSI sách maith den chuid is mó, ní dhéantar aon fhoráil go fóill sa bhunreachtaíocht le hearráidí a cheartú, cosúil le ró-íocaíochtaí le mic léinn, nuair nach bhfuil aon locht ar an mac léinn.

Thugamar faoi deara gurbh ionann an líon gearán faoi scéimeanna an Bhealaigh Rochtana ar Ardoideachas (HEAR) agus an Bhealaigh Rochtana ar Oideachas do Dhaoine faoi Mhíchumas (DARE) don bhliain 2023 - 21 gearán. Fuarthas 17 ngearán faoi Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath in 2023, ar méadú é seo aníos ó 8 in 2022. Rinneadh 12 ghearán faoi Choimisiún na Scrúduithe Stáit in 2023, líon 33% níos lú ná mar a fuarthas in 2022.

Soláthar Díreach


B'ionann na gearáin faoi Sholáthar Díreach agus



2% de na gearáin go léir

Ba iad na 2 chomhlacht ba mhó a ndearnadh gearán fúthu:

- 78** An tSeirbhís Chóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta (IPAS)
- 8** Ionad Soláthair Dhíreach



Fuaireamar 90 gearán in 2023 ó dhaoine a chuir isteach ar chosaint idirnáisiúnta (IP) a chónaíonn i gcóiríocht a sholáthraíonn an stát, faoi sheirbhísí soláthair dhíreach. Is ionann seo agus méadú 53% ar na 59 gearán a fuaireamar in 2022, cé gur tháinig laghdú in 2022 ar an líon gearán anuas ó 2021, ar dhóchúil gur thionchar iarmhartach na paidéime agus an ghéarchéim leanúnach san Úcráin ba chúis leis.

Bhain an líon ab airde gearán faoin tSeirbhís Chóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta - IPAS (78), ionaid chóiríochta (8), agus Foireann Cóiríochta Sealadaí Ghéarchéim na hÚcráine - UCTAT (3). Dhéileálar le 84 de na 90 gearán a fuarthas. I measc na saincheisteanna a ndearnadh gearán fúthu, bhí an caighdeán cóiríochta (44), aistrithe ó ionad cóiríochta amháin an IPAS go ceann eile (22), agus gearáin faoi fhoireann ionaid (4).


Sheasamar le 10% de na gearáin san earnáil seo agus sholáthraíomar foirm éigin de chúnamh in 45% sa bhreis de chásanna. Níor seasadh le 45% de ghearáin.

Gné de roinnt gearán a rinne iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a chónaíonn in ionaid chóiríochta an IPAS a bhí sna 'Caighdeáin Náisiúnta di chóiríocht a chuirtear ar fáil do dhaoine sa phróiseas cosanta' a chur i bhfeidhm. Lean an IPAS ag glacadh leis an seasamh in 2023, mar a bhí sé i mblianta roimhe seo, nach bhféadfadh sé iarrataí aistrithe idirionaid a éascú mar gheall ar na srianta leanúnacha ar an gcóras, agus mar gheall go bhfuil a phunann chóiríochta ar lánacmhainn. Leanfaimid le hidirchaidreamh a dhéanamh leis an IPAS ar an tsaincheist seo agus ní leanfaimid ar aghaidh ach le gearáin faoi chásanna aistrithe faoi chúinsí eisceachtúla ina sainithnímid go bhfuil fóirghá leis.

Chuireamar dhá cheardlann ar bun i Samhain 2023 le heagraíochtaí neamhrialtasacha ar 'Imircigh agus Daoine a bhfuil Cosaint Idirnáisiúnta á lorg acu - Eispéiris de Sheirbhísí Poiblí in Éirinn'. Bhain plé comhchéime leo seo ar na saincheisteanna a bhfuil eagraíochtaí neamhrialtasacha a oibríonn sa réimse seo ag déileáil leo, agus a d'fhéadfadh an tOmbudsman a bheith in ann a imscrúdú.

Comhlachtaí Eile


Bhain **7%** de na gearáin:



go léir le Comhlachtaí Eile

Ba iad na 5 chomhlacht ba mhó a ndearnadh gearán fúthu:

- 120** An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe
- 62** An tSeirbhís Chúirteanna
- 29** Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
- 22** Pobal
- 14** Bonneagar Iompair Éireann




Fuaireamar 301 gearán in 2023 faoi chomhlachtaí poiblí san earnáil eile 'Comhlachtaí Poiblí Eile'. Ba mhéadú é seo aníos ó 273 gearán a fuarthas in 2022. Sheasamar nó sheasamar go páirteach le 33% de na gearáin a rinneamar a imscrúdú san earnáil seo agus sholáthraíomar foirm éigin de chúnamh in 31% sa bhreis de chásanna. Níor seasadh le 36% de chásanna.

Bhain an líon ab airde gearán leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe (120 – ar méadú aníos ó 95 in 2022 é seo). Tugadh clárú bliantúil do thiarnaí talún isteach an 4 Aibreán 2022 agus bhí moilleanna ar an bpróiseas clárúcháin. I measc na saincheisteanna a ndearnadh gearán fúthu bhí drochsheirbhís do chustaiméirí, moilleanna agus táillí déanacha a ghearradh.

Fuaireamar 62 gearán faoin tSeirbhís Chúirteanna. Ní raibh 41 gearán laistigh den shainchúram an Ombudsman mar gheall nár bhain siad le gníomh 'a rinneadh i bhfeidhmiú feidhmeanna riaracháin' faoi alt 5 den Acht um Sheirbhís Chúirteanna, 1998. Bhain na saghsanna gearán a d'imscrúdaíomar le gníomhartha riaracháin oifigí cúirte

An tAcht um Míchumas


Rinneadh <1% de na gearáin:



go léir faoin Acht um Míchumas

Na 2 shaghas ba mhó de ghearáin:

- 11 Rochtain ar Sheirbhísí (Alt 26)
- 4 Gearáin a Láimhseáil (Alt 38 go hAlt 39)



Fuaireamar 21 gearán in 2023 faoin Acht um Míchumas, 2005. Is ionann seo agus méadú 50% ar an mbliain 2022 nuair a fuaireamar 14 ghearán, arbh ionann sin agus méadú ar 2021 nuair a fuaireamar 6 ghearán.

Baineann breis agus leath na ngearán a fuarthas in 2023 (11) le Rochtain ar Sheirbhísí, agus bhain ceithre ghearán faoin bpróiseas láimhseála gearán.

Leagtar oibleagáidí san Acht um Míchumas, 2005 ar chomhlachtaí poiblí chun oibriú go réamhghníomhach i dtreo caighdeán beatha daoine faoi mhíchumas a fheabhsú. Sampla de seo is ea go gceanglaítear ar gach comhlacht poiblí ar a laghad Oifigeach Rochtana amháin a bheith acu chun cabhrú le daoine faoi mhíchumas teacht ar eolas agus ar sheirbhísí.

Ba cheart gearáin a dhéanamh faoin Acht um Míchumas, ar an gcéad dul síos, leis an gcomhlacht poiblí. Eiseoidh oifigeach fiosrúchán cinntiúchán ar an ngearán, agus, mura réitítear é, féadtar gearán a dhéanamh lenár nOifig maidir le teip ar chomhlacht poiblí Cuid 3 den Acht um Míchumas a chomhlíonadh.

Pléitear i gCuid 3 go sonrath le:

- Rochtain ag daoine faoi mhíchumas ar fhoirgnimh phoiblí, ar sheirbhísí, ar fhaisnéis agus ar shuíomhanna oidhreachta, agus
- Pleananna earnála ar pleananna an rialtais iad lena chinntiú go gcuirtear seirbhísí ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas sonraithe sna limistéir a leanas: iompar poiblí, seirbhísí sláinte, gairmoiliúint, seirbhísí tacaíochta fostaíochta, tithíocht, cóiríocht.

Nursing home fees 'impoverish' elderly, Ombudsman warns

Eilish O'Regan
Health Correspondent

ELDERLY people are being left financially "impoverished" because of the additional charges they are forced to pay in private nursing homes, Ombudsman Peter Tyndall has warned.

Mr Tyndall (inset) could see the "unfairness to a resident" who is paying 80pc of their pension for their nursing home care and must use the remaining 20pc for social activities, for which they have no inclination or may be physically unable to participate in.

"My main concern is that there is clarity, transparency and fairness around any additional charges levied. All additional charges must be laid out clearly in the contract of care and agreed upon when signing the contract. The additional services should also be separately itemised and costed," he said.

"These additional charges can effectively wipe out the remaining income, leaving lit-

tle for extras such as taxis for hospital visits, or services such as hairdressing and chiropody. In some cases, they can be an additional burden on families."

The Ombudsman has received 45 complaints about private nursing homes this year - a 50pc increase in the number of complaints received in 2016.

He was speaking at the launch of 'Contracts of Care for Nursing Home Residents - Issues of Policy and Practice', a damning report by Sage, the support and advocacy service.

The document highlighted major flaws including allegations contracts are being signed by relatives on behalf of nursing home residents, even when they "clearly have the capacity" to make their own decisions.

Sage chairwoman Patricia Rickard-Clarke stressed this

casual approach to signing of contracts of care must stop, in order to protect vulnerable older people.

In many cases, contracts are signed without being read or understood due to complex and legalistic language.

Nursing home residents are left with no security about their accommodation and told to leave by the homeowner, who has the balance of power in the termination of a contract.

Termination can be done with "immediate effect".

Many older people are forced to go into a nursing home because there is no other reasonable alternative.

They are "put there" by concerned relatives, it was claimed. They can face an increase in additional charges of €25 a week, without consultation.

The report found some con-

tracts set out visiting restrictions and the right to transfer the elderly person to another nursing home.

Sage has received concerns about the level of control by some families over the older person's finances.

There was also a need for protocols where a person's finances are being handled by the home, but money is not being drawn down to enhance their quality of life.

Mr Tyndall backed calls for an overhaul of these contracts and said the Government must also ensure better availability of home care.

Nursing Homes Ireland, which represents private nursing homes, said contracts are subject to independent oversight by Higa, which carries out inspections.

Any discharge from a nursing home must be discussed, planned for and agreed with a resident and where appropriate, with their family or carer, the regulations stipulate.



2017: Leagann an tOmbudsman béim ar shaincheisteanna a bhaineann le táillí tithe altranais

Severe criticism of HSE over care of 88 years old lady in Mullingar

Ombudsman reports "unacceptable" standards in St. Mary's

An investigation by the Ombudsman Emily O'Reilly into the care and treatment of an elderly woman admitted for respite care to a HSE nursing home in Mullingar concluded that the standards of care and treatment were "unacceptable" and Ms. O'Reilly says the case is "one of a growing number of complaints received by her Office regarding care and treatment received in publicly funded healthcare agencies."

The report, issued on Monday last, December 15, related to the

care and treatment of an 88 years old woman, availing of respite care in St. Mary's Care Centre, Mullingar.

Says the report: "The complainant was the daughter of an 88 years old woman, physically and mentally incapacitated as a result of a stroke. The daughter had arranged one week's respite care for her mother in St. Mary's Care Centre, Mullingar. However, the daughter, herself a trained nurse, was extremely dissatisfied with the care her mother had received. In fact, she had taken her mother home from the nursing home after only three days when she saw what she felt was a

rapid deterioration in her mother's condition. Subsequently in April 2006, she complained to the Ombudsman about the poor care given to her mother."

"The complainant was also unhappy with the manner in which her initial complaint to the HSE had been handled; she felt that the failure of the HSE to deal properly with her complaint added to her sense of grievance and compounded the shortcomings in the level of care provided."

"The Ombudsman's investiga-

■ CONTINUED PAGE 2



2008: Leagann an tOmbudsman béim ar dhroch-chúram i dteach altranais FSS

Caibidil 3

For-Rochtain agus Nuashonruithe ar an Tuarascáil



For-Rochtain

Ar aon dul lenár bPlean Straitéiseach 2022-25, déanaimid idirchaidreamh gníomhach lenár bpáirtithe leasmhara le feasacht a mhúscailt ar ról an Ombudsman, cabhraímid le feabhsúcháin ar cháilíocht na seirbhísí poiblí siúd a fheabhsú laistigh dár sainchúram a chur chun cinn, agus lena chinntiú go ndéantar seirbhísí poiblí a riar agus a sholáthar níos fearr.

I rith 2023, chuireamar ceardlanna ar bun agus rinneamar idirchaidreamh le grúpaí a dhéanann ionadaíocht d'earnálacha éagsúla an phobail, rinneamar ár 'gClinicí Gearáin' a fhairsingiú chun go bhféadfadh daoine a ngearáin a dhéanamh linn 'i bpearsan' ina gceantar áitiúil, agus rinneamar idirchaidreamh le hearnálacha na sochaí is mó a dteastaíonn ár seirbhísí uathu.

Idirchaidreamh a dhéanamh leo siúd is mó a dteastaíonn ár seirbhís uathu

Mar chuid dár gcuspóirí straitéiseacha, leanamar le feasacht a mhúscailt ar é ról an Ombudsman agus conas gearán a dhéanamh lenár nOifig. Mar chuid dár bPlean Straitéiseach is mian linn freisin a chinntiú gurb eol dóibh siúd is mó a bhféadfadh ár seirbhísí a bheith ag teastáil uathu, nó a d'fhéadfadh a bheith aineolach ar sheirbhís an Ombudsman, go bhfuilimid ar fáil agus conas idirchaidreamh a dhéanamh linn.

Ghlacamar páirt i Meán Fómhair i Seachtain um Ionchuimsiú Sóisialta Chill Dara 2023 a d'eagraigh Líonra Rannpháirtíochta Pobail Chill Dara agus Comhpháirtíocht LEADER Chill Dara. Chuir an tOmbudsman agus baill dár bhfoireann le himeachtaí ag Ionad Acmhainní Teaghlaigh Bhaile Átha Í, Ionad Óige Léim an Bhradáin, Ionad Forbartha Pobail Chill Dara (inar cuireadh imeacht ar siúl do phobail an Lucht Siúil agus na Romach), agus san imeacht deiridh in Ionad Acmhainní Teaghlaigh Dhroichead Nua. Bhí gliondar croí orainn a bheith in ann idirchaidreamh a dhéanamh le réimse fairsing earnálacha i rith tréimhse ghearr agus beartaímid páirt a ghlacadh ina mhacasamhail d'imeachtaí in 2024.

In 2023, leanamar lenár idirchaidreamh le réimse grúpaí, ach go háirithe iad siúd faoi mhíchumas, mar shampla, trí pháirt a ghlacadh i bpodchraoladh Chónaidhm na hÉireann um Míchumas, agus trí chur leis an gclár Access All Areas ar Phoenix FM. Chuireamar freisin le Comhchoiste an Oireachtais um Uathachas i bhFeabhra.

Mar chuid dár n-idirchaidreamh le daoine fásta óga, chuireamar pacáí eolais agus póstaer ar fáil ina dtugtar chun solais ról an Ombudsman san earnáil oideachais do na príomh-ollscoileanna lena scaipeadh ar mhic léinn. Leanfaimid lenár n-idirchaidreamh le daoine fásta óga i ngach earnáil in 2024.

Tá caidreamh an-táirgiúil againn le hIonaid um Fhaisnéis do Shaoránaigh (CICanna) timpeall na tíre, agus chuireamar seimineáir ghréasáin faisnéise ar siúl i Samhain agus Nollaig d'fhoireann CICanna i réigiúin Bhaile Átha Cliath Thuaidh agus Mhumhan Thuaidh lenár ról agus conas is féidir leo cabhrú le daoine a dhéanann idirchaidreamh lena seirbhís a mhíniú dóibh.

Chuireamar lenár n-idirchaidreamh freisin in 2022 leis an earnáil tithe altranais agus chuireamar póstaer ar fáil lena dtaispeáint i dtithe altranais ar a dtugtar chun solais ár ról tar éis ár seisiún eolais do thithe altranais sa tír.

Ceardlanna le grúpaí ionadaíocha

Chuireamar tús le sraith ceardlann in 2022 le héisteacht agus le hidirchaidreamh díreach a dhéanamh le grúpaí ionadaíocha maidir le saincheistanna a dhéanann difear dár seirbhísí poiblí. Leanamar iad seo in 2023. Cabhraíonn na ceardlanna linn a shainaitheint cén saincheistanna a dhéanann difear do dhaoine 'ar an talamh' anuas ar shaincheistanna a léirítear i ngearáin aonair a dhéantar lenár nOifig. Chuireamar ceardlanna ar siúl in 2022 le hionadaithe ón earnáil tithíochta agus leis an earnáil mhíchumais. Chualamar in 2023 ó ghrúpaí a dhéanann ionadaíocht d'imircigh agus uathu siúd a bhfuil cosaint idirnáisiúnta á lorg acu, agus ó phobal an Lucht Siúil.

Is é cuspóir na gceardlann seo an deis a thabhairt dúinn foghlaim ó eagraíochtaí neamhrialtasacha, saineolaithe agus daoine a ndearnadh difear dóibh, faoina n-eolas agus a dtaithe ar shaincheistanna ar leith. Ar an mbealach seo, tá súil againn feabhas a chur ar ár dtuiscint agus ár scileanna a mhéadú chun tabhairt faoinár n-obair. Chualamar i bpearsan cén saincheistanna atá ag goileadh ar dhaoine a ndéanann siad ionadaíocht dóibh ina n-idirghníomhú le seirbhísí poiblí.

Cuirfidh saincheistanna a eascraíonn as na ceardlanna lenár n-obair don bhliain 2023 agus ina dhiaidh sin, agus cabhróidh siad linn idirchaidreamh a dhéanamh le grúpaí a bhféadfadh gurb iad is mó a dteastaíonn seirbhís an Ombudsman uathu.

Clinicí Gearán ag Ionaid um Fhaisnéis do Shaoránaigh

Thug an fhoireann ónár nOifig cuairteanna míosúla, roimh an bpaindéim, ar Ionaid um Fhaisnéis do Shaoránaigh (CICanna) i gCorcaigh, Luimneach agus Gaillimh chun gearáin a ghlacadh ó bhaill den phobal. Chuir na cuairteanna seirbhís luachmhar áitiúil inrochtana gan stró ar fáil do dhaoine a chónaíonn ann agus chuir siad ar chumas daoine déileáil ar bhonn aghaidh ar aghaidh lenár nOifig.

Bhí áthas orainn tús a chur athuair lenár gclár míosúil Clinicí Gearán in 2022 i Luimneach. Thosaíomar athuair in Aibreán 2023 lenár gclinic míosúil ag CIC Chathair na Gaillimhe. Bhunaíomar Clinicí Gearán míosúla go luath in 2024 ag CICanna Chathair Chorcaí agus Mhala. Gabhaimid buíochas leis an bhfoireann ag gach ceann de na hionaid seo as obair linn le seirbhís thar a bheith tairbhiúil agus praiticiúil a sholáthar don phobal áitiúil.

Cuirtear na clinicí míosúla gearán ar siúl ar na laethanta seo a leanas:

CIC Chorcaí:	An dara Céadaoin sa mhí (2pm go 4pm)
CIC Mhala:	An dara Céadaoin sa mhí (10am go 12 meán lae)
CIC na Gaillimhe:	An ceathrú Máirt sa mhí (10am go 1pm, 2pm go 4pm)
CIC Luimnigh:	An dara Máirt sa mhí (10am go 1pm, 2pm go 4pm)


Féach www.ombudsman.ie chun teacht ar shonraí.

Ár suíomh gréasáin agus ár meáin shóisialta

Leanamar lenár suíomh gréasáin agus ár gcainéil mheán sóisialta (X agus YouTube) a úsáid i rith 2023 le heolas, comhairle agus cúnamh a sholáthar don phobal, do chomhlachtaí poiblí agus dár bpáirtithe leasmhara eile. Is féidir leat sinn a leanúint ar X: @OfficeOmbudsman, agus ar YouTube: 'Ombudsman Ireland'.

Tuarascálacha agus Nuashonruithe

Sa chuid seo den tuarascáil soláthraímid nuashonruithe tar éis imscrúduithe a d'fhoilsigh an Oifig le déanaí.



Breiteacht agus Fiachas: Imscrúdú déanta ag an Ombudsman ar mhodh riartha scéimeanna 'cóireála thar lear' ag FSS

Chuireamar tús in 2022 le himscrúdú ar scéimeanna a riarann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a chistíonn cóir leighis riachtanach san AE/an LEE nó sa RA. Spreag roinnt gearán a fuair eamar ó othair nárbh fhéidir leo teacht ar an gcóir leighis riachtanach sa Stát agus a raibh orthu taisteal thar lear go gcuirfí cóir leighis orthu. Bhí deacracht mhór acu ar a bhfillleadh le leas

a bhaint as na scéimeanna atá in ainm iad a aisíoc as an gcóir leighis ar cheart go mbeadh sí ar fáil acu saor in aisce sa Stát, ach a raibh orthu íoc aisti thar lear. Díríodh go príomha san imscrúdú ar scéim na Treorach Trasteorann ach fiosraíodh ann chomh Scéim Cúraim Sláinte bheartaithe Thuaisceart Éireann, agus leanann seo ár dtuarascáil in 2018 ar an Scéim Cóireála Thar Lear.

Foilsíodh an tuarascáil imscrúdaithe 'Breiteacht agus Fiachas' in Aibreán 2023. Rinneamar 21 moladh a dhírigh ar fheabhas a chur ar riar na scéimeanna, ó thaobh bogadh ar aghaidh agus an imscrúdaithe ar ghearáin a bhí le réiteach go fóill ag ár nOifig araon. Ghlac FSS le gach moladh agus chuir siad foireann le chéile chun déileáil lena gcur i bhfeidhm. Anuas ar mholtaí 2021 a chur i bhfeidhm go ndéanann an fhoireann athbhreithniú freisin ar chásanna, ar ár n-iarraidh, nó iarraidh othar. Sainithníodh go dtí seo gur sainithníodh breis agus 200 cás lena n-athbhreithniú agus leanann FSS ag oibriú tríothu siúd.

Fuair othair ar diúltaíodh a n-aisíocaíochtaí dóibh roimhe seo mar gheall ar shaincheisteanna leis na litreacha atreoraithe a n-aisíocaíochtaí dá bharr seo. Cuireadh teacht ar fáil d'othair anois ar phróiseas achomhairc bríoch agus, in go leor cásanna, d'eascair aisíocaíocht mhéadaithe as athmheasúnú iomlán ar an gcostas a sainithníodh.

Anuas air sin, fuair othair a fuair iasacht ó dhaoine muinteartha le hóc as an gcóireáil ach ar diúltaíodh dóibh a n-aisíocaíocht, mar gheall ar riachtanas FSS go soláthraítear cruthúnas dochraideach íocaíochtaí, a n-aisíocaíocht.

Leanamar le hidirchaidreamh a dhéanamh le FSS ó foilsíodh an tuarascáil agus fáiltímid roimh an dul chun cinn atá á dhéanamh ag FSS i dtaobh na moltaí a chur i bhfeidhm. Imreoidh cur i bhfeidhm iomlán na moltaí tionchar an-dearfach ar othair a bhfuil aisíocaíochtaí á lorg acu faoi aon cheann de na scéimeanna cóireála thar lear, agus cuirfidh sé na hothair siúd ag croílár an phlé uile amach anseo.




Wasted Lives: Imscrúdú ar dhaoine faoi 65 atá ina gcónaí i dtithe altranais do dhaoine breacaosta

D'fhoilsíomar 'Wasted Lives: Tá sé in am todhchaí níos fearr a thabhairt do daoine níos óige i dtithe altranais' i mBealtaine 2021, ina dtugtar sonraí faoi thorthaí maidir le daoine, faoi 65 bliain d'aois, a chónaíonn i dtithe altranais. Bhí 19 moladh sa tuarascáil a bhain leis na téamaí a leanas: cistiú, toiliú feasach, caighdeán na beatha, rochtain ar sheirbhísí, bealach a aimsiú tríd an gcóras agus trí bheartais agus cearta daonna. Chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na moltaí seo, bhunaigh FSS Coiste

Stiúrtha Comhtháite, ar a ndéanann a Phríomhoifigeach Oibríochtaí cathaoirleacht. Bhunaigh FSS cúig shruth oibre chun tabhairt faoi obair ar leith maidir le moltaí a chur i bhfeidhm agus cuireadh tús le hobair in 2023 ar mholtaí 'Wasted Lives'.

Rinneadh soláthar i bPlean Seirbhíse Náisiúnta FSS 2021 d'infheistíocht €3 mhilliún lena chur ar chumas a mhéid le 18 nduine níos óige ná 65 bliain d'aois chun aistriú ó thithe altranais ar ais isteach i bpobail le tacaíochtaí. D'aistrigh 14 dhuine i dtreo dheireadh 2021. Faoi mar a mholtar i mo Thuarascáil, soláthraíodh leithdháileadh breise 'imfhálaithe' €5.5 milliún i mBuiséad 2022. Cheadaigh seo do 22 duine aistriú in 2022 agus bhí 17 nduine sa bhreis aistrithe freisin as an gcóras tithe altranais faoi dheireadh Iúil 2023. Cé go bhfuil na líonta atá i gceist measartha, tá roinnt tosca níos fairsinge i gceist a chruthaíonn deacrachtaí níos mó do dhul chun cinn mear. Tá tionchar díreach á imirt ag líon neamhleor foirne cúraim a oibríonn i míchumas ar an ngá atá le cead isteach a thabhairt do dhaoine chuig tithe altranais, chun teacht ar an gcúram riachtanach, agus ar chumas daoine a aistriú go hoiriúnach amach as an gcóras tithe altranais go rogha mhalartach chuí. Tá easpa tithíocht oiriúnach ann freisin a gcuireann an iomaíocht inmheánach leis i leith na hacmhainne teoranta seo idir seirbhísí eile óna dteastaíonn sé, cosúil le díphlódú, faoiseamh agus seirbhísí cónaithe. Cuireann an easpa cistiú imfhálaithe leis na tosca seo a cuireadh ar fáil don tionscnamh seo in 2023. Tá díriú athnuaithe ag FSS ina leith sin ar mholtaí a rinneadh inár dtuarascáil rithabhachtach chun leanúint le hiontráil daoine níos óige ná 65 bliain go tithe altranais a laghdú agus aistriú na ndaoine seo a mhéadú go cúram agus cóiríocht mhalartach chuí.

Bhí sé i gceist againn tuarascáil ar dhul chun cinn a fhoilsiú ar chur i bhfeidhm na moltaí seo go déanach in 2023. D'imir an ghníomhaíocht thionsclaíoch faoinar thug foireann FSS i dtreo dheireadh na bliana anuraidh tionchar soiléir, áfach, ní hamháin ar an dul chun cinn díreach a bhí á dhéanamh ar chur i bhfeidhm na moltaí seo ach chomh maith ar an bhfáil ar staitisticí cothrom le dáta faoin dul chun cinn sin. Ar ámharaí an tsaoil, is cosúil gur réitíodh na díospóidí siúd agus tá súil agam nuashonrú ó FSS a fháil.



Grounded: Rochtain mhíchothrom do dhaoine faoi mhíchumas ar scéimeanna iompair phearsanta: Nuashonrú

Il mí na Samhna 2021, d'fhoilsiomar ár dtuarascáil, 'Sáinnithe: Rochtain mhíchothrom do dhaoine faoi mhíchumas ar scéimeanna iompair phearsanta', inar leagadh amach ár dtorthaí maidir le heaspa rochtana ar scéimeanna iompair do dhaoine atá faoi mhíchumas. Inár dtuarascáil bhliantúil do 2022, leagamar béim ar na céimeanna a ghlacamar chun leanúint leis an tsaincheist seo a chur chun cinn. Leag an tOmbudsman amach a thuairim dhaingean go raibh gá le ceannaireacht sa réimse seo agus go raibh an t-am le haghaidh tuilleadh tuarascálacha ó ranna éagsúla imithe i léig. Rinne an tOmbudsman cur síos freisin ar an mbealach ina ndiúltaítear rochtain ar thacaíochtaí iompair phearsanta do dhaoine faoi mhíchumas i gcónaí mar rud náireach.

I rith 2023, lean an tOmbudsman de bheith ag plé leis an tsaincheist seo. Bhuail sé le Roinn an Taoisigh chun a athdhearbhú cé chomh riachtanach agus atá sé go mbeadh scéimeanna iompair ag feidhmiú do dhaoine faoi mhíchumas. Sular foilsíodh an tuarascáil seo d'iarr an tOmbudsman nuashonrú ar an Roinn agus tá an nuashonrú seo foilsithe ar ár suíomh gréasáin www.ombudsman.ie. Fáiltítear roimh an mbaint a bhí ag Roinn an Taoisigh leis an ábhar seo agus an cuspóir atá aici ná dearcadh iomlánaíoch a ghlacadh ar na scéimeanna iompair ábhartha go léir, lena n-áirítear tús a chur le roinnt scéimeanna píolótacha in áiteanna éagsúla ar fud na tíre. Tá an tOmbudsman fós den tuairim gurb é an rud a theastaíonn ó dhaoine faoi mhíchumas ná go dtabharfar aghaidh ar a gcuid riachtanas iompair mar ábhar práinne.

TAN OFFICE SLASHED BY REPORT

THE OMBUDSMAN has lashed the Revenue after it failed to compensate 12 people owed tax rebates.

The Ombudsman, Kevin Murphy, accused the Commissioners of making a "direct and unprecedented" challenge to his office's authority by misrepresenting the legal position surrounding the compensation.

In a special report released yesterday, the Ombudsman said the Revenue is not serious about its own "duty of care" – including integrity, efficiency and fairness.

In 1988, the High Court decided that widows of public servants were eligible for an income tax refund (paid on their children's pensions). But the Revenue decided to limit payment to the five years preceding the date of the claim. *Tax widows who paid tax on their children's pensions for more than five years attempted*

Murphy hits out over tax rebates



By JASON O'BRIEN

Following an investigation by the Ombudsman, the Revenue agreed to refund income tax to the tax widows. But it refused to take account of inflation, meaning repayments will be based on 90c money value.

FURIOUS: Ombudsman



2002: Cáineann an tOmbudsman íocaíochtaí cúitimh na gCoimisinéirí Ioncaim

Inflexible HSE approach pushed many into debt, says Ombudsman

CONOR POPE
Consumer Affairs Correspondent

The HSE repeatedly refused to reimburse the legitimate expenses of patients who had necessary medical treatments in other countries which forced many people into debt, a damning report published by the Ombudsman states.

The investigation found that the HSE adopted an "unreasonable and inflexible approach" when it came to administering schemes fund health treatments abroad that the State system is either unable to provide, or unable to provide in a timely manner.

In his report, 'In Sickness and in Debt', Ombudsman Ger Deering, said some patients faced a fight to be reimbursed for the legitimate costs they had incurred for necessary treatment received abroad, with many borrowing money

and some falling into debt as a result. In other cases, approval to have treatment abroad was unreasonably refused or delayed.

The HSE refused to reimburse one patient who paid for treatment overseas on the grounds that their GP had not signed a letter of referral he emailed to a hospital in Northern Ireland.

"This was despite the fact that it was clear that the letter was sent from the GP's email address, and the GP had assured the HSE in writing that the referral was genuine," the report says.

Another referral letter from an Irish GP was addressed to the relevant section of a Northern Ireland hospital and not a named individual in that hospital, which prompted the HSE to reject the claim. Its intransigence was further highlighted when it "refused to accept a sub-

sequent amended referral letter from the GP".

In another instance, a payment was refused because a treatment which had a waiting list of four years in Ireland took place in Belgium, but the initial consultation took place while the Belgian consultant was in Ireland.

In a separate case highlighted in the report, someone who was "in urgent need of treatment for chronic back pain" had their case rejected by the HSE because prior to treatment in Poland, an outpatient consultation with a Polish consultant took place by phone rather than in person.

A number of older patients who sought refunds for treatment were in receipt of UK pensions. Due to the lack of information provided by the HSE, these patients were unaware that the fact they were in receipt of a pension from another

EU country would negatively affect their application.

The patients had borrowed significant amounts of money to have the treatment but received no reimbursement.

In the report, the Ombudsman sets out 21 recommendations to improve the administration of the schemes for the benefit of patients who need these critical treatments. Following discussions between the Ombudsman and HSE chief executive Bernard Gloster, the HSE has agreed to implement all the recommendations.

"I'm very much welcome the decision of the HSE to implement the recommendations," Mr Deering said. "Their implementation will have a significant positive impact on the lives of those who need to access treatment abroad, and will help ensure that decisions under the schemes are focused on the patient's needs."



2023: Imscrúdú an Ombudsman ar scéimeanna cóireála thar lear

Caibidil 4

Achoimre ar Chásanna



Caibidil 4: Achoimre ar Chásanna

Níos luaithe sa tuarascáil seo rinneamar cur síos ar chuid de na gearáin a fuairamar i 2023 lena n-áirítear iad siúd ar seasadh leo agus nár seasadh leo. Sa Chaibidil seo, cuirimid achoimrí i láthair ar chuid de na gearáin ar sheasamar leo nó a réitíodh. Athraíodh cuid de shonraí na gcásanna agus ainmneacha na ngearánach chun a n-aitheantas a chosaint.



Mar thoradh ar phróiseas atreoraithe atá as dáta, cuirtear moill ar choinní ospidéil agus ar dhiagnóis ailse

Cúlra

Rinne Marie gearán leis an Ombudsman nuair nach ndearnadh coinne leighis thábhachtach mar gheall ar mheascadh suas i litreacha atreoraithe agus cuireadh moill suas le hocht mí ar fháthmheas ailse. Bhí Marie ina othar trasphlandaithe. Le linn gnáthchoinne thug an fhoireann san Aonad Neifreolaíochta in Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann, Baile Átha Cliath, lot craicinn faoi deara. Bhí an lot ina ábhar imní mar go bhfuil othair trasphlandaithe níos so-ghabhálaí d'ailse craicinn.

Go luath i mí an Mhárta, d'eisigh an tAonad Neifreolaíochta litir choinneála cóip chrua chuig aonad Deirmeolaíochta an ospidéil. Cé go raibh an litir i gcló ag an Aonad Neifreolaíochta, níor tháinig sé go dtí an Roinn Deirmeolaíochta riamh. I mí na Bealtaine, bhí Marie ag freastal ar choinne eile san Aonad Neifreolaíochta agus chuir sí ceist faoin gcoinne le haghaidh Deirmeolaíochta. Seoladh an dara litir atreoraithe, ach arís ní bhfuair Marie fógra maidir le coinne.

I mí Lúnasa, rinne Marie teagmháil dhíreach leis an Aonad Deirmeolaíochta agus fuair sí dáta le haghaidh coinne i mí Dheireadh Fómhair. Baineadh an lot agus ina dhiaidh sin bhí sé urchóideach.

Imscrúdú

Dheimhnigh an t-ospidéal don Ombudsman go raibh an litir atreoraithe tosaigh, arna ordú ag an lia comhairleach ag an am, clóscríofa agus priontáilte san Aonad Neifreolaíochta laistigh de chúpla lá ón choinne tosaigh. Ní raibh aon taifead ann go bhfuair Deirmeolaíocht é.

Ghlac an t-ospidéal leis go raibh easnamh sa phróiseas chun litreacha atreoraithe a eisiúint agus a chinntiú go ndearnadh obair leantach orthu. Mhol sé go mbunódh sé 'seomra priontála' láraithe nua ina ndéanfaí gach litir atreoraithe idir ranna a phriontáil chun an baol go gcaillfí aon litreacha amach anseo a mhaolú.

Tar éis dó moladh an ospidéal a scrúdú, chreid an tOmbudsman nach raibh ‘seomra priontála’ leordhóthanach toisc go raibh sé fós ag brath ar chóip chrua de litreacha a bheith clóite agus seachadta. Mhol an tOmbudsman go ndéanfadh an t-ospidéal réiteach bunaithe ar TFC a fhorbairt chun atreorú éifeachtúil agus éifeachtach coinní agus rianú a chinntiú. Chreid an tOmbudsman freisin gur cheart don ospidéal leithscéal a ghabháil le Marie as an moill ar a diagnóis.

Toradh

Mar thoradh air sin, chuir an t-ospidéal córas atreoraithe leictreonach inmheánach nua i bhfeidhm idir ranna. Dearadh an córas seo go sonrach chun deireadh a chur leis an bhféidearthacht go gcaillfí litreacha atreoraithe. Oibríonn sé tríd an atreorú a thaifeadh ar fhoirm ar líne. Seiceálann an fhoireann é seo go laethúil le haghaidh atreoruithe nua a logáiltear chuig an gcomhairleoir ábhartha, rud a fhágann nach bhfuil gá le litreacha a dheachtú nó a sheoladh sa phost inmheánach. Ghabh an t-ospidéal a leithscéal freisin le Marie as na teipeanna agus na deacrachtaí a bhí aici.



‘Ba mhíchuí agus ba mhírásúnta’ é aistarraingt na Comhairle ar lóistín éigeandála

Cúlra

Rinne teaghlach i gCorcaigh, a bhí gan dídean, gearán leis an Ombudsman á rá go raibh Comhairle Contae Chorcaí ag bagairt a lóistín éigeandála a tharraingt siar.

Bhí an bheirt aosach agus a gcuid leanaí sa teaghlach ina gcónaí, ag obair agus ar scoil sa cheantar céanna i gCorcaigh ar feadh timpeall 10 mbliain. Bhí an bheirt tuismitheoirí ag obair agus, roimh phaindéim an COVID, ní raibh aon chúnaimh tithíochta á fháil acu. D’éirigh an teaghlach gan dídean mar chinn an tiarna talún deireadh a chur lena léas agus an teach a dhíol. Toisc go raibh an teaghlach gan dídean, chuir Comhairle Contae Chorcaí lóistín éigeandála ar fáil dóibh.

Timpeall dhá bhliain roimhe sin, cheadaigh an Chomhairle tithíocht shóisialta a chur ar fáil dphn teaghlach. Roghnaigh an teaghlach ceantar ina raibh an bheirt tuismitheoirí ag obair agus ina raibh a gcuid leanaí ag freastail ar scoil le tamall anuas.

Thairg an Chomhairle teach don teaghlach thart ar 40km ón gceantar ina raibh siad ina gcónaí. Chreid an teaghlach nach raibh siad in ann glacadh leis an tairiscint mar gheall ar fhad agus ar chostas a gcuid taistil ar an obair agus ar scoil chomh maith leis an gceangal acu lena bpobal.

Dúirt an Chomhairle leis an teaghlach mura nglacfaidís leis an tairiscint, go gcaillfidís a lóistín éigeandála agus go dtuairisceofaí iad chuig TUSLA maidir lena gcuid leanaí a chur i mbaol. Thug an Chomhairle fógra don teaghlach an lóistín éigeandála a fhágáil seachtain tar éis breith linbh bhreise acu.

Imscrúdú

Chreid an tOmbudsman go raibh sé míréasúnta don Chomhairle a lóistín éigeandála a tharraingt siar toisc gur dhiúltaigh siad an tairiscint tithíochta.

Dúirt an tOmbudsman freisin go raibh tuin cumarsáid na gComhairle leis an teaghlach go míchuí amach is amach, go raibh sí i bhfad faoi bhun an chaighdeáin a rabhthas ag súil leis ó chomhlacht poiblí a bhíonn ag déileáil le teaghlach i gcruachás, agus nár raibh sé i gcomhréir le Dualgas Earnáil Poiblí na Comhairle maidir le cearta daonna.

Ní raibh sé soiléir don Ombudsman freisin cén fáth ar tairgeadh tithíocht don teaghlach 40km ón áit ina raibh siad ag obair agus ag dul ar scoil nuair a bhí tithíocht le bheith ar fáil go luath sa cheantar ina raibh cónaí orthu.

Le linn imscrúdú an Ombudsman a bheith ar siúl, chuir an Chomhairle an teaghlach ar an eolas faoi réadmhaoín níos lú a bhí ar fáil. Ach mar gheall ar líon na bpáistí a bhí sa teaghlach anois, ní raibh an dótháin achair ann le cóiríocht chuí a chur ar fáil dóibh. Dúirt an Chomhairle chomh maith nach raibh an mhaoín á moladh acu. Ag an am céanna áfach, ní raibh aon réadmhaoín oiriúnach eile ar fáil agus bhí an lóistín éigeandála, ar ghlac an Chomhairle lena leathnú go sealadach ar iarratas ón Oifig seo, le tarraingt siar.

Dúirt an Chomhairle leis an teaghlach freisin dá síneoidis léas ar an réadmhaoín, nach mbeadh cead acu an léas sin a bhriseadh ar feadh dhá bhliain. Ní raibh sé seo fíor, toisc go bhforáiltear sa reachtaíocht a rialaíonn an scéim ábhartha gur cúis le léas a bhriseadh ná le 'plódú'.

Dúirt an tOmbudsman go raibh sé míchuí amach is amach ar an gComhairle sonraí teagmhála na maoine seo a chur ar fáil agus ag moladh gan glacadh leis, nuair a bhí sí ag an am céanna ag cur deireadh leis an lóistín éigeandála atá i bhfeidhm laistigh de chúpla seachtain. Chreid an teaghlach nach raibh an dara rogha acu ach glacadh le tairiscint na maoine níos lú.

Toradh

Ghabh an Chomhairle leithscéal leis an teaghlach as tuin na cumarsáide aici agus ghlac sí gurbh cheart di cead a thabhairt don teaghlach an léas a bhriseadh ós rud é nach raibh an réadmhaoín ina raibh siad ina gcónaí oiriúnach dóibh. Níor ghlac an Chomhairle go raibh an chéad thairiscint aici míréasúnta. Mar sin féin, thug an Chomhairle cúnaimh breise don teaghlach agus d'aimsigh sí réadmhaoín oiriúnach níos gaire dá gcuid fhostaíochta agus dá gcuid scoileanna.



Rinne an Roinn Coimirce Sóisialaí iarracht éagórach €26,000 ar íocaíocht leasa shóisialaigh paidéimeach a fháil ar ais

Cúlra

Rinne Joan gearán leis an Ombudsman nuair a rinne an Roinn Coimirce Sóisialaí teagmháil léi chun €26,000 a aisghabháil a dúirt a bhí ró-íochta léi faoin Íocaíocht Dífhostaíochta Paidéime (ÍDP). Dúirt an Roinn nach raibh sí i dteideal na híocaíochta.

Imscrúdú

Bhí Joan ag obair go páirtaimseartha ag tús na paidéime, ach bhí uirthi a post tosaigh a fhágáil mar go raibh sí ina tuismitheoir singil d'iníon a raibh fadhbanna sláinte aici. Ní raibh cúram leanaí eile ag Joan nuair a moladh do na scoileanna dúnadh mar chuid de na srianta paidéime. Ag an gcéim sin le linn na paidéime, tugadh le fios sna Treoirlínte Oibriúcháin don ÍDP go raibh tuismitheoirí i dteideal na híocaíochta má dhúntar scoileanna agus áiseanna cúraim leanaí faoi shrianta COVID-19 agus nach raibh tuismitheoirí in ann cúram leanaí nó roghanna fostaíochta solúbtha eile a fháil. Chuaigh Joan i dteagmháil lena hoifig áitiúil Intreo chun a cás a mhíniú agus tugadh foirm iarratais chun iarratas a dhéanamh ar an ÍDP.

Cheistigh an tOmbudsman conas a rinne an Roinn ró-íocaíocht na mná a ríomh, agus cad iad na híocaíochtaí a fuair sí thar an tréimhse ama a bhí i gceist. Chuir an tOmbudsman in iúl freisin na Treoirlínte Oibriúcháin a bhí i bhfeidhm ag an am a mhol go bhféadfadh go mbeadh Joan i dteideal na híocaíochta.

Toradh

Rinne an Roinn athbhreithniú ar chás Joan agus fuair sí amach go raibh sí i dteideal an ÍDP a fháil. Mar thoradh air sin, ghlac an Roinn leis nach raibh Joan faoi dhliteanas an €26,000 a aisíoc.



Diúltaíodh go héagórach do fhear an Liúntas do Chúramóirí nuair a 'cailleadh' tuairisc liachta ag an oifig achomhairc

Cúlra

John complained to the Ombudsman when the Department of Social Protection said he was Rinne John gearán leis an Ombudsman nuair a dúirt an Roinn Coimirce Sóisialaí nach raibh sé i dteideal Liúntas do Chúramóirí dá athair. Bhí galar croí ainsealach, hipirtheannas agus diaibéiteas ag a athair. Dúirt an Roinn, áfach, nach raibh sé incháilithe mar nár chomhlíon a athair critéar na scéime maidir le bheith "chomh easláinte nó faoi mhíchumas go dteastaíonn cúram agus aire lánaimseartha".

Le linn don Ombudsman a ghearán a fhiosrú rinne John athiarratas agus bronnadh Liúntas do Chúramóirí air. Dúirt an Roinn, áfach, nach raibh John i dteideal an liúntais ó dháta a chéad iarratais naoi mí roimhe sin.

Rinne John achomharc i gcoinne an chinnidh chuig an Oifig Achomharc Leasa Shóisialaigh (OALS) agus sholáthair sé fianaise leighis bhreise mar thaca lena achomharc. Rinne an fhianaise leighis bhreise cur síos ar ghalar croí ainsealach, hipirtheannas, diaibéiteas agus a nádú sheach-chonair artaire corónach a athar. Mar sin féin, dhiúltaigh an OALS dá achomharc an íocaíocht a shiardhátú ar na forais chéanna leis an Roinn.

Imscrúdú

Scrúdaigh an tOmbudsman comhad na Roinne ar chás John. Chonaic sé gur sheol an OALS an comhad chuig rannóg Measúnaithe Lia-Réiteora (MLR) na Roinne chun tuairim a fháil ar an bhfianaise leighis bhreise a chuir John ar fáil. Cé gur chuir Rannóg an MLR tuarascáil ar fáil ina dhiaidh sin ag rá gur measadh go raibh athair John i dteideal Liúntas do Chúramóirí ó thaobh leighis de, ba chosúil nár bhreithnigh an OALS an tuarascáil. Ní raibh aon tagairt déanta ag an Oifigeach Achomhairc do thuarascáil an MLR sa nóta cúlra a mhínigh an réasúnaíocht taobh thiar den chinneadh diúltú don achomharc. Mar thoradh air sin, d'iarr an tOmbudsman ar an OALS breathnú ar an gcás arís.

Toradh

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an gcás, d'athraigh an OALS a chinneadh agus rinne sé íocaíocht an Liúntas do Chúramóirí le John a shiardhátú go dtí dáta a chéad iarratais. Bronnadh riaráistí naoi mí ar John arbh fhiú €6,078 iad.



Dhiúltaigh an t-ospidéal déileáil le gearán tuismitheoirí a bhfuair páiste leo bás toisc go raibh sé 'lasmuigh den teorainn ama'

Cúlra

Chuaigh lánúin i dteagmháil leis an Ombudsman tar éis d'ospidéal an Rotunda diúltú déileáil lena ngearán mar go ndearnadh é lasmuigh den teorainn ama 12 mhí chun gearáin a dhéanamh leis. Bhí an lánúin ag iarraidh gearán a dhéanamh faoin droch-eispéireas a bhí acu san ospidéal le linn breith a linbh a fuair bás go gairid tar éis breithe.

Mhínigh an lánúin go raibh an tréimhse ó cailleadh a leanbh an-deacair don bheirt acu agus go raibh an próiseas ullmhúcháin an ghearáin an-dúshlánach ó thaobh mothúchán de agus gur thug sé cuimhní pianmhara ar ais dóibh. Chuir siad in iúl freisin nach raibh siad ar an eolas faoin teorainn 12 mhí maidir le gearáin a dhéanamh agus déanta na fírinne, bhain cuid dá n-imní le saincheisteanna a tharla laistigh den amlíne 12 mhí.

Bhuail siad leis an ospidéal roinnt míonna tar éis dá leanbh bás a fháil ach bhraith siad nár tugadh aghaidh go cuí ar a n-ímní go léir. Rinne siad gearán leis an ospidéal ina dhiaidh sin ach ní ghlacfadh sé leis an ngearán á rá go raibh níos mó ná 12 mhí caite ó tharla na saincheisteanna a d'ardaigh siad.

Chinn an t-ospidéal, agus comhbhrón á léiriú acu don lánúin, nach dtabharfaí díolúine don teorainn ama. Luaigh siad ó thaithí san am a chuaigh thart, gur chinn siad dá faide an t-achar ama idir an t-imeacht agus athbhreithniú ar cheisteanna a ardaíodh i ngearáin, is lú an seans go mbeidh cuimhne ar bith ag baill foirne ar imeachtaí.

Imscrúdú

Leagann an tAcht Sláinte 2004 amach na socruithe chun déileáil le gearáin faoi ospidéal agus folaíonn sé teorainn ama 12 mhí chun gearán a dhéanamh. Mar sin féin, féadfaidh ospidéal síneadh a chur leis an teorainn ama seo i gcás inar cuí sin a dhéanamh mar gheall ar chúinsí speisialta.

Bhí ímní ar an Ombudsman go raibh cur chuige an ospidéil i leith na gcúinsí speisialta a tháinig chun cinn sa chás seo éagórach. Is eispéreas tubaisteach é cailliúint linbh. Is cinnte go mbeidh am ag teastáil ó thuismitheoirí méala chun tús a chur le déileáil lena mbrón agus lena gcumha. D'fhéadfadh go dtógfadh sé am sula mbeidh siad in ann machnamh a dhéanamh ar a dtaithí ospidéil, agus beidh comhbhá agus tuiscint ag teastáil. Chreid an tOmbudsman go raibh na himthosca a bhain leis an gcás seo ina gcúis thar a bheith intuigthe le cén fáth nach raibh an lánúin seo in ann a n-ímní a leanúint leis an ospidéal go dtí go raibh roinnt ama caite. D'iarr an tOmbudsman ar an ospidéal a chinneadh a athbhreithniú.

Toradh

Mar fhreagra ar ímní an Ombudsman d'aontaigh an t-ospidéal glacadh leis an ngearán agus dul i dteagmháil leis an lánúin chun plé a dhéanamh ar an mbealach is fearr lena ngearán a chur chun cinn. Bhí an lánúin sásta leis an toradh agus go mbeadh deis acu go dtabharfaí aghaidh ar a ngearán.



Feiceann mac léinn an deontas oideachais laghdaithe go héagórach tar éis sos ón gcúrsa

Cúlra

Rinne Julie gearán leis an Ombudsman nuair a dhealraigh sí gur laghdaíodh a deontas oideachais go héagórach tar éis di filleadh ó shos ina cúrsa.

Chuir Julie tús le Máistreacht bliain amháin sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (COBÁC) i mí Mheán Fómhair 2021. Bhronn Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn (TCMLÉ) deontas Táille Theagaisc Iarchéime de €6,270 uirthi. Íocann TCMLÉ na deontais seo go díreach le hollscoileanna chun táillí cúrsaí a chlúdach.

Chríochnaigh Julie an chéad téarma, ansin ghlac sí saoire neamhláithreachta ar feadh bliana. Chuaigh Julie i dteagmháil le TCMLÉ faoin gcinneadh a cuid staidéir a chur siar agus bhí sí cinnte nach gcuirfeadh an t-iarchur isteach ar a deontas.

Nuair a d'fhill Julie ar COBÁC bliain ina dhiaidh sin, fuair sí amach go raibh deontas níos lú bronnta ag TCMLÉ ná mar a bhí súil aici (€1,153 níos lú). Nuair a rinne Julie gearán le TCMLÉ ansin, cuireadh in iúl di go raibh a deontas curtha ar ceal. Tháinig sé chun solais níos déanaí gur cuireadh ar an eolas go mícheart í faoin gcealú ach bhí an méid laghdaithe fós ann. Bhí Julie thar a bheith buartha faoin laghdú ar an deontas, chaill sí roinnt léachtaí dá bharr agus mheas sí éirí as an gcúrsa.

Níor réitíodh an scéal agus chuir Julie isteach a tráchtas ag deireadh an chúrsa agus níor íocadh an deontas a bhí fágtha. Bhí inní mhór ar Julie nach mbeadh sí in ann céim a bhaint amach lena rang mar gheall ar na táillí gan íoc.

Imscrúdú

Ina fhreagra ar an Ombudsman, dúirt TCMLÉ go raibh sonrasc tugtha ag COBÁC dó le haghaidh níos lú ná táillí incháilithe Julie sa bhliain acadúil 2021-22. Cé nach raibh sé in ann an chúis a bhí leis seo a dhearbhu, mhínigh sé nach féidir le TCMLÉ ach an méid atá sonraiscthe ó COBÁC a íoc. Tar éis dó na himthosca go léir a bhreithniú, áfach, d'iarr an tOmbudsman ar TCMLÉ athbhreithniú a dhéanamh ar an gcás.

Toradh

Rinne TCMLÉ teagmháil ansin le COBÁC agus d'iarr sé sonrasc le haghaidh na dtáillí atá fós le h íoc. Fuair Julie faomhadh don deontas iomlán agus ghabh TCMLÉ leithscéal léi freisin as an eolas míchruinn a fuair sí.



Tá íocaíocht phinsin ag fear siardhátaithe go dtí an dáta incháilitheachta

Cúlra

Rinne Joe gearán leis an Ombudsman nuair a dhiúltaigh an Roinn Coimirce Sóisialaí íocaíocht a Phinsin Stáit Ranníocach a shiardhátú go dtí an dáta a mbeadh sé incháilithe - ag 66 bliana d'aois. Bhí iarratas déanta ag Joe nuair a bhí sé 70, agus deonaíodh an pinsean dó a bhí siardhátaithe ar feadh sé mhí roimh a iarratas - an t-am dá bhforáiltear sa reachtaíocht.

Dúirt Joe leis an Ombudsman gur thug sé cuairt ar oifig áitiúil de chuid na Roinne go gairid sular bhain sé amach 66 bliana d'aois. Dúradh leis nár dhócha go gcaileodh sé do pinsean agus nach raibh sé incháilithe do Phinsean Stáit Neamh-Ranníocach. Mar thoradh air sin, níor lean sé lena iarratas a thuilleadh.

Imscrúdú

D'ardaigh an tOmbudsman an cheist leis an Roinn. Ní dhearna an Roinn agóid i leith gur thug an fear cuairt ar a oifig áitiúil agus gur dúradh leis nach raibh sé incháilithe do phinsean Neamh-Rannócach. Mar sin féin, chreid an tOmbudsman gur cheart go gcuirfí Joe ar an eolas faoina cháilitheacht fhéideartha do Phinsean Stáit Rannócach ag an am sin. Chreid sé gur cheart don Roinn athbhreithniú a dhéanamh ar chás Joe d'fhonn a íocaíocht a shiardhátú go dtí nuair a bhí sé 66 bliana d'aois.

Toradh

D'athbhreithnigh an Roinn cás Joe agus ghlac sí leis gur cheart go mbeadh a theidlíocht féideartha curtha in iúl aici do Joe nuair a chuaigh sé chuig oifig áitiúil na Roinne. Dhámh an Roinn riaráistí de €46,040 do Joe, siardhátaithe go dtí an dáta ar tháinig sé i dteideal.



Aisíocadh os cionn €17,000 le fear ó na Coimisinéirí Ioncaim tar éis soiléiriú ar stádas cónaitheachta

Cúlra

Rinne Mark gearán leis an Ombudsman tar éis dó fógra a fháil ó na Coimisinéirí Ioncaim ag rá go raibh ganníocaíocht cánach ioncaim aige. Níor chreid Mark go raibh ganníocaíocht cánach aige agus bhí imní air gur bhain na Coimisinéirí Ioncaim an iomarca cánach as a thuarastal. Bhí Mark ag obair lasmuigh den Stát le tamall anuas. Bhí beagnach €76,000 tuillte aige agus thart ar €31,000 asbhainte mar cháin ioncaim agus muirear sóisialta uilíoch. Rinne Mark iarracht an cheist a réiteach leis na Coimisinéirí Ioncaim thar thréimhse trí bliana ach níor éirigh leis. Chuir sé an t-eolas ar fad a bhí ar fáil aige ar fáil do na Coimisinéirí Ioncaim agus d'fhreagair sé a fhiosrúcháin go léir. Cheistigh Mark an bhféadfadh nó nach ndearna a dhearbhu é féin mar 'neamhchónaitheoir' difríocht dá dhliteanas ach ní raibh freagra soiléir faighte aige ó na Coimisinéirí Ioncaim.

Imscrúdú

Dheimhnigh na Coimisinéirí Ioncaim don Ombudsman go raibh fiosrúchán déanta ag Mark faoi é féin a dhearbhu mar 'neamhchónaitheach'.

Bhí 'ordú eisiaimh' iarrtha ag fostóir Mark ó na Coimisinéirí Ioncaim ach níor chuir sé an t-iarratas isteach ach i mí Mheán Fómhair 2019 - a tharla tar éis do Mark tosú ag obair lasmuigh den Stát. Ciallaíonn Ordú Eisiaimh ÍMAT nach ndéantar aon cheann nó méid laghdaithe cánach ioncaim nó Muirear Sóisialta Uilíoch a asbhaint ó ioncam duine. Tosaíonn an t-ordú eisiaimh ón dáta a fhágann duine an Stát. Fanann sé i bhfeidhm fad is a bhíonn an duine neamhchónaitheach agus ag obair thar lear. Féadfar Ordú Eisiaimh ÍMAT a eisiúint má tá an duine fostaithe thar lear ag fostóir Éireannach, má dhéantar a ndualgais fostaíochta go léir thar lear, agus go mbeidh siad neamhchónaitheach in Éirinn sa bhliain chánach.

Sna himthosca, agus i bhfianaise na faisnéise a thug Mark do na Coimisinéirí Ioncaim thar roinnt blianta, d'iarr an tOmbudsman go ndéanadh na Coimisinéirí Ioncaim athbhreithniú ar chás Mark.

Toradh

Chríochnaigh na Coimisinéirí Ioncaim athbhreithniú ar chúinsí Mark. Bhí sé sásta go raibh Mark 'neamhchónaitheach' ar feadh na dtréimhsí i gceist agus mar sin bhí dliteanas laghdaithe aige i leith cánach ioncaim agus MSU. Mar thoradh air sin, d'aisíoc siad €17,700 le Mark.



Diúltaíodh rochtain ar scéim oideachais do mhac léinn toisc go raibh slí bheatha neamh-incháilithe ag athair 'neamhláithreach'

Cúlra

Rinne Sarah gearán leis an Ombudsman tar éis di a bheith neamh-incháilithe don scéim Bealach Rochtana ar Ardoideachas mar gheall ar a grúpa socheacnamaíoch.

Is scéim iontrála ardoideachais é an Bealach Rochtana ar Ardoideachas (BRAO) do mhic léinn ardteistiméireachta (faoi 23) a bhfuil tearcionadaíocht ar a gcúlra eacnamaíoch nó sóisialta san ardoideachas. Tomhaiseann an scéim, arna maoirsiú ag Cumann Ollscoileanna Éireann thar ceann na nInstitiúidí Ardoideachais rannpháirteacha, cúlra sóisialta bunaithe ar ghairmeacha agus stádas fostaíochta thuismitheoirí nó chaomhnóirí an iarratasóra. Bhí gairm bheatha 'faofa' ag máthair Sarah. Bhí a hathair dífhostaithe ach níor faomhadh a shlí bheatha dheireanach, agus mar sin cuireadh in iúl do Sarah nach raibh sí incháilithe don scéim. Mar sin féin, bhraith Sarah go raibh an cinneadh seo éagórach mar is beag teagmháil a bhí aici lena hathair. Chónaigh sí lena máthair agus ba í a máthair amháin a thug tacaíocht airgeadais di. Bhí a tuismitheoirí colscartha ar feadh roinnt blianta agus scartha ó bhí Sarah ina leanbh.

Imscrúdú

Forálann téarmaí agus coinníollacha scéim BRAO nach bhféadfaí iarratasóirí a mheasúnú ar shlí bheatha tuismitheora amháin ach amháin i gcúinsí nach raibh 'aon teagmháil ar bith acu' leis an tuismitheoir eile.

Chiallaigh sé seo go héifeachtach go bhféadfaí iarratasóirí a mheasúnú ar ghairmeacha na dtuismitheoirí nach raibh, b'fhéidir, ról gníomhach ina saol riamh, nó nach raibh, le fada an lá. Mheas an tOmbudsman go raibh an seasamh seo míréasúnta agus éagórach. Chreid sé go raibh an treoír róshriantach agus nár léirigh sé réaltacht go leor cásanna teaghlaigh iarratasóirí BRAO. Chreid an tOmbudsman freisin go bhféadadh an treoír mic léinn ó chúlraí áirithe a chur faoi mhíbhuntáiste.

Toradh

Sheas an tOmbudsman le gearán Sarah. Toisc go raibh Sarah tosaithe cheana féin ar a cuid staidéir tríú leibhéal níorbh fhéidir a cas a athrú. Tá an táscaire 'grúpa socheacnamaíoch' á chéimniú amach mar cheann de na critéir incháilitheachta don Scéim BRAO. I gcás iarratasóirí nua a bheidh ag dul isteach san ardoideachas i 2026, beidh an táscaire 'grúpa socheacnamaíoch' bainte go hiomlán.



Diúltaíodh go héagórach do mhac léinn athiontráil ar chúrsa a dhéanamh tar éis sos gairid

Cúlra

Bhí Catherine ag déanamh staidéir ar chúrsa ceithre bliana in Ollscoil Theicneolaíoch na Sionainne (OTS). Tar éis an dara bliain, chinn sí an clár a fhágáil agus bronnadh Teastas uirthi as an chéad dá bhliain a chríochnú. Chinn sí ina dhiaidh sin go raibh sí ag iarraidh dul isteach arís ar an gcúrsa sa tríú bliain, chun dul ar aghaidh agus an chéim iomlán ceithre bliana a chríochnú. Dhiúltaigh OTS a hiarratas, áfach, toisc nach bhfuil cead ag mic léinn cáilíocht reatha (cosúil le Teastas) a úsáid le haghaidh 'iontráil ag céim chun cinn' i mbliain níos déanaí den chúrsa áirithe seo.

Imscrúdú

Go ginearálta, is féidir le mic léinn a ghlacann imeacht luath filleadh ar ais agus piocadh suas san áit ar éirigh siad as. Sa chás seo, áfach, dhiúltaigh OTS. Cé go raibh an ceart ag OTS rá nach raibh iontráil ardleibhéil ceadaithe ar chúrsa Catherine, níor bhain sé seo le cas Catherine. Bhí sí ag iarraidh leanúint ar aghaidh leis an gclár céanna, seachas a bheith ina hiarratasóir nua le cáilíocht ó chúrsa go hiomlán difriúil.

Nuair a d'ardaigh an tOmbudsman an pointe seo le OTS, rinne an Ollscoil athbhreithniú agus d'admhaigh nach raibh sé i gceist leis na rialacha uasiontrála bac a chur ar mhac léinn leanúint den chlár céanna.

Toradh

D'fhreaschuir OTS a chinneadh gan cead a thabhairt do Catherine dul isteach arís ar an gcúrsa ceithre bliana a d'fhág sí roimhe sin le dámhachtain ar leibhéal níos ísle. Rinne an Ollscoil athbhreithniú freisin ar an mbeartas agus ar an nós imeachta ábhartha.



Aontaíonn an Chomhairle clásal cruatain cíosa a chur i bhfeidhm sa scéim Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta

Cúlra

Bhí a teach ar cíos ag Hannah le cabhair ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe tríd an scéim Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT). Ba é an t-aon fhoirse ioncaim a bhí aici ná liúntas míchumais. Idir a híocaíocht chíosa sheachtainiúil leis an gComhairle agus breisiú míosúil €350 lena tiarna talún (chun an bhearna idir an t-uasráta ÍCT agus an cíos iomlán) a líonadh, bhí Hannah ag caitheamh 49% dá hioncam ar chíos. Bhí sí ag streachailt chun freastal ar a cuid costais eile.

D'iarr Hannah ar an gComhairle a clásal 'cruatain cíosa' a chur i bhfeidhm chun an méid a bheadh uirthi a íoc leis an gComhairle go seachtainiúil a laghdú. Dhiúltaigh an Chomhairle ar an mbonn gur ghlac Hannah le tionóntacht a bhí, ag 49% dá hioncam, neamh-inbhuanaithe. Sheol an Chomhairle grianghraf do Hannah a tógadh ó Google Street View, rud a léirigh go raibh sí "ag maireachtáil thar a acmhainn" i dteach a bhí i bhfad ró-mhór le bheith in acmhainn aici ó thaobh billí agus cíosa de.

Rinne Hannah gearán leis an Ombudsman nár bhain an grianghraf dá teach ach de phéire tithe leathscoite móra in aice láimhe. Dúirt sí freisin gur chuardaigh sí go fairsing le haghaidh réadmhaoine inacmhainne agus oiriúnach gan rath, agus go drogallach ghlac sí le tionóntacht le breisiú chomh mór sin don tiarna talún nuair a bhraith sí nach raibh na roghanna fágtha aici.

Imscrúdú

Nuair a d'ardaigh an tOmbudsman gearán Hannah leis an gComhairle, d'admhaigh an Chomhairle go raibh sé mícheart brath ar an bhfótagraf a bhí i gceist ach go raibh an tionóntacht neamh-inbhuanaithe mar sin féin. Thug an Chomhairle faoi deara, fiú leis an gclásal cruatain, go mbeadh Hannah fós ag íoc níos mó ná 30% dá hioncam ar chíos agus, ar aon nós, nach bhfuil feidhm ag clásail chruatain ach go sealadach. Dúirt an Chomhairle gur cheart do Hannah bogadh go dtí réadmhaoin níos inacmhainne.

D'aithin an tOmbudsman imní na Comhairle maidir le hinbhuanaitheacht fhadtéarmach thionóntacht Hannah, cé gur cheadaigh an Chomhairle é do ÍCT ar an gcéad dul síos le 49% dá hioncam ag dul ar chíos. Mar sin féin, thug an tOmbudsman faoi deara freisin an ganntanas roghanna cíosa laistigh de nó gar do theorainneacha ÍCT i gceantar Hannah agus sna contaetha comharsanachta. Dá dtiocfadh deireadh lena tionóntacht ÍCT sa ghearrthearma mar gheall ar teip chun cíos a íoc leis an gComhairle nó leis an tiarna talún, is é is dóichí go mbeadh uirthi cúnaimh agus cóiríocht éigeandála a lorg ón gComhairle.

Toradh

Tar éis cainteanna leis an Ombudsman, d'aontaigh an Chomhairle a clásal cruatain a chur i bhfeidhm agus an cíós íosta ceadaithe (€25 in aghaidh na seachtaine) a ghearradh ar feadh ceithre mhí, chun cabhrú le Hannah a tionóntacht a choinneáil faoi láthair agus deis a thabhairt di chun maoin níos inacmhainne a chuardach.



Deonaíonn FSS tacaíocht 'míchumas fisiceach agus céadfach' do mhná tar éis imthosca a leag an tOmbudsman béim orthu

Cúlra

Rinne Deirdre gearán leis an Ombudsman nuair a dhiúltaigh FSS dá hiarratas ar Sheirbhísí Míchumais Fisiciúla agus Céadfach. Níor ghlac an FSS leis go raibh Deirdre i dteideal tacaíochta faoin tseirbhís agus atreoraíodh í chuig seirbhísí cúraim phríomhúil.

Tá tinneas ar Dheirdre mar thoradh ar thimpiste san ionad oibre. Tá sí faoi mhíchumas agus níl úsáid cheart aici as a géaga ísle. Bhí díomá ar a DG gur diúltaíodh dá hiarratas. Bhí súil aige go gcuirfí isteach í ar chlár athshlánaithe a chuideodh le Deirdre le gníomhaíochtaí laethúla agus a chuirfeadh feabhas ar a caighdeán saoil. Bhí an cheist práinneach mar bhí tiarna talún Deirdre ag díol an tí agus bhí sí i mbaol a bheith díshealbhaithe.

Bhreithnigh Foireann Atreoraithe um Míchumas Fisiciúil agus Céadfach FSS iarratas Dheirdre agus chreid siad go raibh riocht leighis uirthi a d'éileodh breithniú ar thacaíochtaí trí Sheirbhísí Cúraim Phríomhúil seachas míchumas coirp nó céadfach fadtéarmach a bheith aici. Rinne Deirdre achomharc i gcoinne an chinnidh ach níor seasadh leis an achomharc.

Imscrúdú

I bhfianaise na fáisnéise a chuir Deirdre agus a DG i láthair, cheistigh an tOmbudsman cén bunús a bhí leis an gcinneadh diúltú don iarratas, ar breithníodh litir a DG le linn an achomhairc, na cineálacha tacaíochtaí trí Sheirbhísí Cúraim Phríomhúil a bheadh i bhfeidhm sa chás seo, cibé acu ar cuireadh faisnéis ar fáil di faoi conas iarratas a dhéanamh ar Sheirbhísí Cúraim Phríomhúil nó ar atreoraíodh FSS chuig Seirbhísí Cúraim Phríomhúil í.

Toradh

Mar fhreagra air sin, rinne FSS athbhreithniú breise ar iarratas Deirdre agus chinn gur chomhlíon sí na critéir do Sheirbhísí Míchumais Fisiciúla agus Céadfacha. Chuaigh siad i dteagmháil le Deirdre agus ghabh siad leithscéal as an mhoill agus an anacair a tharla mar thoradh ar an gcinneadh a rinne siad roimhe seo. Faomhadh iarratas Deirdre ar Sheirbhísí Míchumais Fisiciúla agus Céadfach.

Caibidil 5

Rialachas



Caibidil 5: Rialachas

Soláthraíonn an tOmbudsman tacaíocht foirne agus seirbhísí corparáideacha do chúig Oifig reachtúla eile:

- * Oifig an Choimisinéara Faisnéise
- * Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil
- * Oifig an Choimisinéara um Nochtadh Cosanta
- * An Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí
- * An Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí

Cé go ndéanann na hOifigí feidhmeanna reachtúla ar leith agus soiléire, feidhmíonn an Oifig mar ghníomhaireacht chónasctha aonair i dtaobh cúrsaí eagraíochtúla. Tá an Oifig á maoiniú ag Vóta amháin agus á maoirsiú ag Oifigeach Cuntasaíochta (Ardstiúrthóir) a fhaigheann tacaíocht ó Choiste Comhairleach Bainistíochta. Agus iad i mbun a gcuid oibre, glacann ár bhfoireann le hoibleagáidí traidisiúnta príobháideachais agus ionracais i bhfeidhmiú a gcuid dualgas oifigiúil agus ag an am céanna cosnaíonn agus caomhnaíonn siad neamhspleáchas rachtúil agus feidhmeanna gach ceann de na comhoifigí ina n-oibríonn siad.

Tá nuashonruithe maidir le Rialachas Corparáideach na nOifigí go léir leagtha amach ar an [leathanach Straitéise agus Rialtais](#) ar láithreán gréasáin Oifig an Ombudsman.


Cuimsíonn an [leathanach](#) seo nuashonruithe maidir le:

- ár bPlean Straitéiseach 2022-25
- ár gcomhlíonadh le ceanglais Acht na dTeangacha Oifigiúla
- ár gcomhlíonadh le ceanglais an Acht um Nochtadh Cosanta
- ár gcomhlíonadh leis na ceanglais faoi a.42 Acht an IHREC (an dualgas ar sheirbhísigh phoiblí maidir le cearta an duine)
- ár gCreat Rialachais Chorparáidigh
- ár bhFoireann Ghlas (lena n-áirítear ár gcomhlíonadh leis an Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin)
